Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Aibreán 2025
(OR. en)**

**7682/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0084(COD)**

**COH 36
SOC 198
ENER 95
ENV 227
CADREFIN 27
CODEC 383**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 2 Aibreán 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 123 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 123 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 123 final

AN COIMISIÚN EORPACH

Strasbourg, 1.4.2025
COM(2025) 123 final

2025/0084 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Leis an athbhreithniú meántéarma ar an mbeartas comhtháthaithe, tugtar deis do na Ballstáit acmhainní 2021-2027 a atreorú i dtreo infheistíocht i gcumais chosanta agus ar mhaithe le hiomaíochas agus uathriail straitéiseach an Aontais agus i dtosaíochtaí eile atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear cuspóirí an chomhaontaithe maidir le tionsclaíocht ghlan trí leasuithe comhfhreagracha ar an gclár a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Mar sin féin, níl an creat le haghaidh infheistíochtaí sa bheartas comhtháthaithe a leagtar amach i rialacháin CFRE, an Chiste Comhtháthaithe agus CUAC ailínithe go leordhóthanach leis na tosaíochtaí nua sin. Ina theannta sin, tá gá le solúbthacht bhreise chun dlús a chur leis an infheistíocht sna réimsí sin, go háirithe chun athléimneacht gheilleagar an Aontais agus a réigiún uile a threisiú ag pointe cinniúnach geopholaitiúil amhail an pointe sin nach mór don Aontas aghaidh a thabhairt air faoi láthair. Leagtar amach sa togra seo roinnt coigeartuithe ar na rialacháin sin chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

**Infheistíochtaí an bheartais comhtháthaithe a ailíniú le tosaíochtaí nua**

Le blianta beaga anuas, tá a lorg fágtha ag an éiginnteacht mhór ar an dinimic gheopholaitiúil, rud a fhágann gur gá athmheastóireacht bhunúsach a dhéanamh ar uathriail straitéiseach, athléimneacht agus ullmhacht an Aontais. Tá na hathruithe sin ag titim amach in éineacht leis an aistriú glas, an t-aistriú sóisialta agus an t-aistriú teicneolaíoch, rudaí atá ag athmhúnlú an domhain go tapa mórthimpeall orainn. Rinneadh anailís chuimsitheach ar na dúshláin a bhaineann leis na claochluithe comhuaineacha sin sa tuarascáil maidir le ‘Todhchaí Iomaíochas na hEorpa’, a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2024. Leagtar béim sa tuarascáil ar a phráinní atá sé an bhearna nuálaíochta a dhúnadh, dlús a chur leis na hiarrachtaí dícharbónaithe chun an t-iomaíochas eacnamaíoch a neartú, agus spleáchais sheachtracha a laghdú trí shlabhraí soláthair a éagsúlú agus an fuinneamh glas a tháirgtear ar bhonn intíre a uas-scálú agus infheistíocht á déanamh san athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, sa digitiú agus in earnálacha criticiúla.

Mar fhreagairt air sin, seoladh roinnt mórthionscnamh cheana féin chun athléimneacht eacnamaíoch agus uathriail straitéiseach an Aontais a fheabhsú. Áirítear orthu sin ‘an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip’ (STEP), arb é is aidhm dó ceannaireacht theicneolaíoch an Aontais a neartú; ‘REPowerEU’, atá ceaptha chun spleáchas ar fhoinsí seachtracha fuinnimh a laghdú agus dlús a chur leis an aistriú glas, chun idirghabhálacha atá ar siúl cheana féin trí chláir an bheartais chomhtháthaithe agus tríd ‘an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta’ (RRF) a thabhairt i gcrích, chun tacú le hathruithe struchtúracha sna Ballstáit agus sna réigiúin agus chun a n-athléimneacht a fheabhsú.

Mar phríomhionstraim infheistíochta an Aontais laistigh den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI), tá ról ríthábhachtach ag an mbeartas comhtháthaithe maidir le tacú leis na tosaíochtaí sin. Spreagann sé infheistíochtaí spriocdhírithe a rannchuidíonn le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn. Mar sin féin, an creat rialála lena rialaítear cistí bheartas comhtháthaithe 2021-2027, rinneadh é a dhréachtú, a chaibidliú agus a ghlacadh sular tharla an tsraith mórimeachtaí geopholaitiúla agus eacnamaíocha a bhfuil athmhúnlú déanta acu ó shin ar chuid de thosaíochtaí polaitiúla straitéiseacha an Aontais.

Ar an gcaoi chéanna, rinneadh na Comhaontuithe Comhpháirtíochta agus cláir náisiúnta agus réigiúnacha an bheartais chomhtháthaithe a fhorbairt agus a fhormheas laistigh den tréimhse

chéanna sin, rud a léiríonn na tosaíochtaí a bhí socraithe ag an am. I bhfianaise an chomhthéacs dhomhanda agus réigiúnaigh atá ag teacht chun cinn, is deis chriticiúil é athbhreithniú meántéarma 2025 chun measúnú a dhéanamh ar a gcur chun feidhme agus ar éifeachtacht a rannchuidithe leis na tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn. Cuideoidh an t-athbhreithniú sin lena chinneadh a mhéid is féidir le cláir an bheartais chomhtháthaithe freagairt go díreach agus go mear do réaltachtaí polaitiúla, eacnamaíocha agus sóisialta a mbíonn athrú ag teacht go tapa orthu.

Ag an am céanna, is léir go raibh dúshláin roimh chur chun feidhme luath chláir an bheartais chomhtháthaithe 2021-2027 nach raibh fabhrach do ghlacadh mear na gcistí ná d'eisíoc tapa na gcistí, rud a d'fhág go raibh moilleanna ar a gcur chun feidhme i gcomparáid le clárthréimhsí roimhe seo. Tagann na moilleanna sin tráth a bhfuil infheistíocht láidir luathaithe ríthábhachtach chun tacú leis an athléimneacht eacnamaíoch agus leis an iomaíochas.

- I bhfianaise an mhéid sin, molann an Coimisiún leasuithe spriocdhírithe ar Rialacháin (AE) 2021/1056 agus (AE) 2021/1058. Is é is aidhm do na hathruithe sin tosaíochtaí infheistíochta a chur in oiriúint don chomhthéacs eacnamaíoch, sochaíoch agus geopholaitiúil atá ag teacht chun cinn, agus dár gcuspóirí aeráide agus comhshaoil, agus ag an am céanna níos mó solúbthachta agus dreasachtaí a thabhairt isteach chun imscaradh tapa acmhainní a bhfuil géarghá leo a éascú agus a spreagadh. Trí chreat an bheartais chomhtháthaithe 2021-2027 a bheachtú, is féidir leis an Aontas a áirithiú go leanfaidh a shásraí infheistíochta de bheith solúbtha agus freagrúil, rud a chumasóidh freagairt níos éifeachtaí ar na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.
- Ionas gur féidir leis na Ballstáit úsáid éifeachtach a bhaint as na féidearthachtaí dá bhforáiltear sa togra seo, molann an Coimisiún go gceadófar dóibh a dtogra maidir le hathbhreithniú meántéarma a chur isteach arís 2 mhí ar a dhéanaí tar éis theacht i bhfeidhm an togra seo le haghaidh leasú ar Rialachán (AE) 2021/1058. Aon leasú ar chlár a dhéanfaí de bhun na dtosaíochtaí agus na solúbthachtaí nua, beidh sé gan dochar do chur i bhfeidhm aon bheart arna ghlacadh faoi Rialachán (AE) 2020/2092 agus do chomhlíontacht na gclár ábhartha leis na tosaíochtaí faoi Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2021/1060. Sa chomhthéacs sin, déanfaidh an Coimisiún dlúthfhaireachán ar chomhréireacht na gclár le ceanglais dhlí ábhartha an Aontais.

*Iomaíochas agus dícharbónú*

Chuir an Coimisiún i láthair sa Chompás Iomaíochais, sa Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan agus sa Phlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne conair nithiúil don Aontas chun a iomaíochas a fháil ar ais agus rathúnas inbhuanaithe a dhaingniú, agus an dícharbónú agus an chiorclaíocht mar spreagadh don fhás.

Go háirithe, tá ról ríthábhachtach ag tionscail dianfhuinnimh inár réigiúin agus ní mór aird ar leith a thabhairt orthu mar chuid d'athchlárú chistí an Aontais. Tá dúshláin shuntasacha roimh na tionscail sin, lena n-áirítear costais fuinnimh níos airde i gcomparáid lena n-iomaitheoirí domhanda, easpa leanúnach iomaíochais i ndáil le teicneolaíochtaí glana áirithe, moilliú ar an éileamh i roinnt de na príomhearnálacha iartheachtacha, méadú ar iomaíocht idirnáisiúnta mar gheall ar ró-acmhainneachtaí agus táirgeadh fóirdheonaithe i dtíortha nach bhfuil san Aontas. Mar thoradh air sin, baineann na tosca sin an bonn d'iomaíochas tionscal dianfhuinnimh agus lagaíonn siad cuspóirí dícharbónaithe agus athléimneachta an Aontais.

Is féidir leis na cistí comhtháthaithe tacú cheana féin le hinfheistíochtaí i gcuspóirí aeráide mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/1060 ach ba cheart dlús breise a chur leis na

hiarrachtaí chun a áirithiú go mbeidh an dícharbónú ina spreagadh don fhás do thionscail Eorpacha agus do rathúnas shaoránaigh an Aontais. I bhfianaise na riachtanas suntasach infheistíochta chun ár gcuspóirí dícharbónaithe agus iomaíochais a bhaint amach, ní mór do na Ballstáit leanúint d'infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail a rannchuidíonn go díreach leis an aistriú aeráide agus fuinnimh i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2021/1060 a leanfaidh d'fheidhm a bheith acu chun leibhéal na n-infheistíochtaí a bhaineann leis an aeráid a choinneáil ar bun.

Ba cheart tacaíocht a thabhairt do thionscadail a thagann faoi raon feidhme STEP i ngach réigiún, lena n-áirítear sna réigiúin níos forbartha i mBallstáit an Aontais ag a bhfuil OTI in aghaidh an duine os cionn mheán an Aontais a mhéid a cheadaítear é le rialacha maidir le Státchabhair mar a leagtar amach in Airteagail 107 agus 108 den Chonradh, go háirithe a mhéid a rannchuidíonn infheistíochtaí den sórt sin le cuspóirí straitéiseacha an Aontais mar a leagtar amach sna treoirlínte is infheidhme amhail an Creat um Státchabhair Thionsclaíoch Ghlan a bheidh ann amach anseo (i gcomhairliúchán poiblí faoi láthair) agus i dTeachtaireacht IPCEI[1].

Thairis sin, ba cheart deireadh a chur le srianta eile atá nasctha le STEP a mhéid a bhaineann leis an uasteorainn a shocraítear ag 20 % de leithdháileadh CFRE le haghaidh athchlárú agus ba cheart an sprioc-am chun leasuithe STEP a thíolacadh agus tairbhe a bhaint as an réamh-mhaoiniú aonuaire breise a scriosadh. Ba cheart go gcuideodh an méid sin freisin le hinfheistíochtaí a chur chun cinn i dteicneolaíochtaí glana nuálacha (acmhainneachtaí monaraíochta agus cur in úsáid) atá fíor-riachtanach chun cuspóirí an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan a bhaint amach agus freisin i réimsí tacaíochta tábhachtacha eile dá soláthraíonn STEP dreasachtaí tábhachtacha.

Tá sé tábhachtach ról na bhfiontar mór san fhorbairt réigiúnach a aithint agus a neartú freisin, ós rud é go stiúrann siad taighde, nuálaíocht, eolas agus aistriú teicneolaíochta i dtreo cuideachtaí eile agus go gcruthaíonn siad éileamh agus fostaíocht ar fud an tslabhra soláthair. Agus é mar chuspóir aige tionchar thacaíocht an Aontais a uasmhéadú chun borradh a chur faoin bhfás agus faoin iomaíochas, molann an Coimisiún freisin na féidearthachtaí a leathnú chun tacaíocht a chur ar fáil d'infheistíochtaí táirgiúla i bhfiontair nach FBManna iad faoi CFRE i gcásanna ina n-úsáidtear na hacmhainní airgeadais chun (1) tacú le hinfheistíochtaí a rannchuidíonn le cuspóirí STEP, (2) feabhas a chur ar na hacmhainneachtaí tionsclaíocha chun cumais chosanta a chothú, (3) rannchuidiú le tionscadail chosanta agus (4) coigeartú tionsclaíoch a éascú atá nasctha leis an dícharbónú agus le tacaíocht do phróisis chiorclacha próiseas táirgthe agus táirgí, amhail sa tionscal mótarfheithiclí agus sa tionscal dianfhuinnimh, a mhéid a cheadaítear leis na rialacha maidir le Státchabhair. Féadfar tacú freisin le hinfheistíochtaí i dtionscadail atá rannpháirteach go díreach i dtionscadal tábhachtach ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne arna fhormheas ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 107(3), pointe (b) CFAE, agus i dTeachtaireacht C(2021) 8481, i bhfiontair nach FBManna iad. Ní mór tacaíocht d'fhiontair den sórt sin a éascú a thuilleadh faoin gCiste um Aistriú Cóir agus ina theannta sin gan anailís ar bhearnaí a éileamh. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe go gceadófar do na Ballstáit, i gcomhréir leis na rialacha maidir le Státchabhair, tacaíocht a dheonú go díreach ó CFRE do thionscadail atá rannpháirteach go díreach i dTionscadal Tábhachtach ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne arna fhormheas ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 107(3), pointe (b), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus de bhun Theachtaireacht C(2021) 8481.

---

[1] Teachtaireacht maidir leis na critéir chun anailís a dhéanamh ar a chomhoiriúnaí leis an margadh inmheánach atá an Státchabhair chun tionscadail thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne a chur chun cinn (IO C 528, 30.12.2021, lch. 10).

Chun an leas is fearr is féidir a bhaint as InvestEU, arb é clár suaitheanta an Aontais é chun borradh a chur faoi infheistíochtaí i dtionscail straitéiseacha agus chriticiúla, agus chun na féidearthachtaí aistrithe dá bhforáiltear cheana leis an reachtaíocht a chur chun cinn, molann an Coimisiún go bhféadfaí acmhainní a aistriú ó CFRE agus ón gCiste Comhtháthaithe chuig urranna Bhallstáit InvestEU chun ionstraim airgeadais nua InvestEU a chur chun feidhme chun cuspóirí an bheartais chomhtháthaithe a bhaint amach.

*Slándáil agus cosaint*

I bhfianaise na héagobhsaíochta geopholaitiúla nach bhfacthas a leithéid le blianta fada anuas, ní mór don Aontas Eorpach cinntí ríthábhachtacha a dhéanamh anois chun a ullmhacht agus a shlándáil a áirithiú. Chun a hiombhagairt chosanta féin a ráthú, ní mór don Eoraip a bheith ullamh chun tús a chur le ré nua trína tacaíocht a mhéadú go suntasach chun cumais chosanta, spleáchais laghdaithe, athléimneacht bonneagair agus iomaíochas thionscal cosanta an Aontais a fhorbairt. Cuirfidh an iarracht sin ar chumas an Aontais aghaidh a thabhairt ar an bpráinn ghearrthéarmach a bhaineann le tacú leis an Úcráin agus cobhsaíocht fhadtéarmach na mór-roinne á háirithiú ag an am céanna.

Tá plean freagartha láithreach molta ag an gCoimisiún don Chomhairle Eorpach — REARM Europe — ar fiú EUR 800 billiún é, trí na luamháin airgeadais uile atá ar fáil a ghníomhachtú chun tacú go pras agus go mór le hinfheistíocht in acmhainneachtaí cosanta Eorpacha. Ar na luamhán sin, is féidir le buiséad an Aontais rannchuidiú a thuilleadh leis an iarracht chomhchoiteann sin trí ionstraim chosanta thiomnaithe nua agus tríd an gClár um an Tionscal Cosanta Eorpach (EDIP) a neartú.

Chun na huirlisí sin a chomhlánú agus chun na Ballstáit a dhreasú a thuilleadh chun tacú go díreach le hinfheistíochtaí cosanta, tá sé ríthábhachtach gur féidir cistiú an bheartais chomhtháthaithe a shlógadh go pras. Leis na hinfheistíochtaí sin, treiseofar athléimneacht agus iomaíochas an Aontais agus, ag an am céanna, cuirfear forbairt agus fás réigiúnach chun cinn. Rachaidh siad i ngleic freisin leis an dá dhúshlán atá roimh réigiúin an Aontais atá ar theorainn na Rúise, na Bealarúise agus na hÚcráine: an tslándáil a neartú agus a ngeilleagair a athbheochan ag an am céanna.

Chun foráil a dhéanamh maidir le creat ina ndéantar foráil maidir le solúbthacht agus tacaíocht airgeadais, molann an Coimisiún dhá chuspóir shonracha nua a chruthú laistigh de raon feidhme reatha thacaíocht CFRE. Leis an gcéad chuspóir sonrach nua, ceadaítear do na Ballstáit athchlárú faoina gcláir 2021-2027 faoi mhéideanna sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis chun acmhainneachtaí táirgiúla a fheabhsú i bhfiontair in earnáil na cosanta gan srian ó thaobh tíreolaíochta de ná ó thaobh mhéid an fhiontair de. Maidir le hinfheistíochtaí táirgiúla i bhfiontair nach FBManna iad agus a dhéantar i réigiúin uile an Aontais, ba cheart go mbeidís in ann rochtain a fháil freisin ar thacaíocht airgeadais do thionscadail leasa choitinn sa tionscal cosanta faoin gClár um an Tionscal Cosanta Eorpach agus acmhainneachtaí foriomlána cosanta agus ullmhachta an Aontais a threisiú. Rannchuidíonn an dara cuspóir sonrach nua a bhaineann le cosaint le bonneagar athléimneach cosanta nó dé-úsáide a thógáil chun soghluaisteacht mhíleata a chothú san Aontas. Cuidíonn na cuspóirí sonracha sin le réigiúin na teorann thoir freisin.

Agus an creat atá beartaithe á úsáid acu, tá sé beartaithe go mbainfidh na Ballstáit tairbhe as réamh-mhaoiniú aonuaire breise 30 % de na méideanna atá clársceidealaithe faoin tosaíocht thiomnaithe agus as an bhféidearthacht maoiniú ón Aontas suas le 100 % a chur i bhfeidhm maidir leis an dá chuspóir shonracha – ar choinníoll go gcuirfear an leasú ar an gclár isteach in 2025.

*Tithíocht inacmhainne (lena n-áirítear tithíocht shóisialta)*

Tá méadú suntasach tagtha ar phraghsanna tithíochta agus ar chíosanna le blianta beaga anuas. Ag an am céanna, níor tháinig méadú ar phá ar luas comhchosúil. Mar gheall ar an éabhlóid mhíchothrom sin, tá bearna ag dul i méid idir infhaighteacht tithíochta inacmhainne agus riachtanais an daonra.

Tháinig laghdú ar mheánphraghsanna tithe tar éis 2008 tar éis an chúlaithe eacnamaíoch ach tá méadú leanúnach tagtha orthu ar fud an Aontais ó bhí 2013 ann. San iomlán, tháinig méadú 59 % san Aontas idir 2013 agus an tríú ráithe de 2024, figiúr atá thart ar dhá oiread an mhéadaithe ar leibhéal foriomlán na bpraghsanna (innéacs comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí (ICPT)) sa tréimhse chéanna.

An t-ardú a tháinig ar phá, ní raibh sé chomh mór céanna leis an méadú ar fhás praghsanna tithe, rud a fhágann go bhfuil brú suntasach ar inacmhainneacht tithíochta. Tháinig méadú níos mó ná 15 phointe céatadáin ar an gcóimheas idir praghsanna agus ioncam idir 2013 agus 2022, agus d’ainneoin roinnt faoisimh in 2023, tá sé fós os cionn a mheáin fhadtéarmaigh.

Cé nach ionann déine na saincheiste ó thír go tír agus ó réigiún go réigiún, tá tionchar forleathan aici. Cuireann costais arda tithíochta iallach ar go leor teaghlach sciar díréireach dá n-ioncam a leithdháileadh ar chíos nó ar mhorgáistí, rud a fhágann níos lú do riachtanais eile amhail bia, cúram sláinte agus oideachas – agus tá baol ann go dtitfidh siad i mbochtaineacht. In 2023, chaith teaghlach amháin as gach trí cinn a bhí i mbaol bochtaineachta 40 % nó níos mó d’ioncam indiúscartha an teaghlaigh ar thithíocht. Idir limistéir uirbeacha agus neamhuirbeacha, tá difríocht i bpraghsanna tithe freisin. Mar chion den ioncam, tá praghsanna tithíochta níos airde agus tá siad ag méadú go seasta ó 2015 i leith i gceantair mheitreapholaiteacha agus i gceantair uirbeacha eile, cé gur fhan siad cobhsaí i gceantair eile. Tá tionchar sóisialta na bhfigiúirí sin níos leithne má mheasaimid go n-áirítear orthu easpa tithíochta do mhic léinn agus lóisteálacha leordhóthanacha do lanúnacha óga .

Mar gheall ar an easpa tithíochta leordhóthanaí inacmhainne, tá méadú ag teacht ar an líon teaghlach atá faoi dhiandeacrachtaí, ach tá gné iomaíochais ag baint léi freisin. Go deimhin, bíonn fadhbanna ag cuideachtaí Eorpacha i roinnt limistéar oibrithe a mhealladh toisc go bhfuil na costais tithíochta agus maireachtála sna ceantair sin díréireach ard i gcomparáid le hioncam. Tá praghsanna arda ag cur seirbhísí poiblí i gcathracha áirithe faoi bhrú freisin mar gheall ar dheacrachtaí a bhaineann le hoibrithe poiblí ríthábhachtacha a mhealladh (múinteoirí, altraí, póilíní, etc.).

I bhfianaise an mhéid sin, leagtar béim láidir ar an mbeartas tithíochta i dtreoirlínte polaitiúla an Choimisiúin trí chur chuige comhordaithe a mholadh faoin ‘Plean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne’ atá ar na bacáin. Mar chuid den uaillmhian uileghabhálach sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún anois aghaidh a thabhairt ar an mbearna infheistíochta atá ag dul i méid i dtithíocht inacmhainne trí ligean do na Ballstáit méideanna a athchlárú faoina gcláir 2021-2027 chun tacú le hinfheistíochtaí lena gcuirtear rochtain ar thithíocht inacmhainne chun cinn. Ba cheart d’infheistíochtaí faoin Bauhaus Eorpach Nua leas iomlán a bhaint as na féidearthachtaí nua sin a chuirtear ar fáil.

Ag an am céanna, ní mór a áirithiú go mbeidh an tithíocht athléimneach ó thaobh na haeráide de.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún cuspóirí sonracha breise comhfhreagracha a chur san áireamh faoi thrí chuspóir beartais, rud a fhágfaidh go mbeidh solúbthacht ann do na Ballstáit agus do na réigiúin ag brath ar a struchtúir chlársceidealaithe agus ar fhócas na n-idirghabhálacha tithíochta.

Chun tosaíocht a thabhairt an athuair dá gcláir agus dá nglacadh, agus gan dochar do chomhlíonadh na rialacha maidir leis an státchabhair, tá sé beartaithe go mbainfidh na Ballstáit, agus an creat atá beartaithe á úsáid acu, tairbhe as maoiniú 100 % ón Aontas agus as réamh-mhaoiniú 30 % de na méideanna arna gclársceidealú faoin tosaíocht thiomnaithe. D'fhonn tionchar na n-infheistíochtaí a fheabhsú, anois is féidir le raon feidhme na n-idirghabhálacha gníomhaíochtaí a bhaineann le hathchóirithe a chur chun feidhme faoin mbeartas comhtháthaithe a áireamh, ar choinníoll go gcuirfear an leasú ar an gclár isteach in 2025.

*Rochtain ar uisce, bainistiú inbhuanaithe uisce agus athléimneacht uisce*

Is acmhainn ríthábhachtach é an t-uisce do shlándáil ár gcóras bia, fuinnimh agus eacnamaíoch, ach tá brú méadaitheach ar acmhainní uisce ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda araon. Tá bainistiú éifeachtach uisce ríthábhachtach chun an tsláinte phoiblí a chosaint, chun an comhshaol a chosaint, agus chun iomaíochas eacnamaíoch an Aontais a choinneáil ar bun. Tá an mhíbhainistíocht, lena n-áirítear ró-astarraingt agus truailliú, ag cur srian níos mó agus níos mó ar earnálacha ríthábhachtacha amhail talmhaíocht, fuinneamh, monaraíocht agus iompar. Ní mór don Aontas aghaidh a thabhairt ar thionchair mhéadaitheacha an athraithe aeráide, rud a chuireann leis na brúnna atá ann cheana ar cháilíocht an uisce, ar chainníocht an uisce agus ar éiceachórais mhuirí. Sa chomhthéacs sin, tá sé práinneach feabhas a chur ar chur chun feidhme na reachtaíochta cosanta uisce agus muirí agus éifeachtúlacht uisce a fheabhsú, aghaidh a thabhairt ar ghanntanas uisce, agus dul chun cinn a dhéanamh i dtreo Eoraip a bheidh athléimneach ó thaobh uisce de, rud a éileoidh iarrachtaí agus infheistíochtaí suntasacha. Earnálacha eacnamaíocha móra is ea earnáil uisce an Aontais agus earnáil an gheilleagair ghoirm, earnálacha atá ag spreagadh na nuálaíochta agus ag cosaint na sláinte poiblí agus na hinbhuanaitheachta, e.g. trí ard-réitigh a chur ar fáil mar atá an díshalannú, cóireáil uisce, athúsáid uisce, bith-theicneolaíocht etc. Aneannaireacht dhomhanda i dteicneolaíochtaí uisce, cuireann sí feabhas ar acmhainneacht onnmhairiúcháin an Aontais agus cruthaíonn sí poist i ngach réigiún ar fud an Aontais.

Dá bhrí sin, ní mór don Aontas na héiceachórais agus na bonneagair uisce sin a chosaint trí infheistíochtaí a uas-scálú agus an soláthar uisce mar aon leis an mbonneagar uisce a mheas ar bhealach lena ndéantar deimhin den rochtain ar uisce agus den soláthar uisce dár saoránaigh agus dár sochaithe i ngach cás.

Tá creat dlíthiúil láidir bunaithe ag an Aontas chun uisce a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe agus slán, ach tá tuilleadh dul chun cinn maidir le cur chun feidhme ríthábhachtach agus tá géarghá le gníomhaíocht níos cinntithí. Ar an gcúis sin, cuirfidh an tAontas Straitéis maidir le hAthléimneacht i Réimse an Uisce san Aontas chun cinn sa chéad leath de 2025. I gcomhréir leis an Straitéis um Aontas na hUllmhachta, chun athléimneacht uisce a bhaint amach, ní mór aistriú ó bhainistiú géarchéimeanna ar bhonn frithghníomhach i dtreo bainistiú réamhghníomhach rioscabhunaithe agus ullmhacht mhéadaithe.

Sa tréimhse 2021-2027, tá beagnach EUR 13 bhilliún á infheistiú i seirbhísí uisce agus i mbailiú agus cóireáil fheabhsaithe fuíolluisce i gcláir an bheartais chomhtháthaithe. Ach tá gá le hiarrachtaí breise ó na hearnálacha poiblí agus príobháideacha chun dul chun cinn leordhóthanach a áirithiú. Dá bhrí sin, chun béim cheart a leagan ar thábhacht agus fócas na n-infheistíochtaí in athléimneacht uisce, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún modhnú a dhéanamh ar fhoclaíocht an chuspóra shonraigh a bhaineann le bainistiú uisce faoi chuspóir beartais 2 'Eoraip athléimneach, níos glaise, a fheidhmeoidh ar bheagán carbóin agus a aistreoidh chuig geilleagar aeráidneodrach, trí aistriú fuinnimh glan agus cóir, infheistíocht ghlas agus ghorm, an geilleagar ciorclach, maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú aeráide agus cosc agus bainistíocht rioscaí agus soghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe a chur chun cinn'.

Ba cheart infheistíochtaí an bheartais chomhtháthaithe in infheistíochtaí inbhuanaithe agus slána a dhreasú, go háirithe chun rannchuidiú le sochaí atá athléimneach ó thaobh an uisce de a thógáil, trí athshlánú méadaithe ar dhobharlaigh, trí réitigh dhúlrabhunaithe a chur in úsáid chun an riosca tuilte a laghdú agus acmhainneacht na n-éiceachóras a mhéadú chun uisce a stóráil, rialú feabhsaithe ar astarraingtí uisce agus éifeachtúlacht mhéadaithe ó thaobh uisce agus athúsáid uisce de, digitiú méadaithe ó thaobh an bhonneagair uisce de, maolú ar thriomach agus tionchair ghaineamhlaithe, tuilte agus teagmhais adhaimsire, agus comhlíonadh na dTreoracha maidir leis an gCreat Uisce, an Screamhuisce, Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh, agus na gCaighdeán Cáilíochta Comhshaoil. Tá sé beartaithe go mbainfidh na Ballstáit, agus an creat atá beartaithe á úsáid acu, tairbhe as an bhféidearthacht maoiniú suas le 100 % a fháil ón Aontas agus réamh-mhaoiniú 30 % de na méideanna arna gclársceidealú faoin tosaíocht thiomnaithe don chuspóir sonrach nua sin.

*Aistriú fuinnimh*

Réimse eile ina rannchuidíonn infheistíochtaí sa bheartas comhtháthaithe le tosaíochtaí an Aontais is ea gníomhú ar son na haeráide agus an t-aistriú aeráide, ina n-infheistítear níos mó ná EUR 110 mbilliún trí bhíthin an bheartais. I bhfianaise riachtanais mhóra infheistíochta an aistrithe aeráide, ní mór do na Ballstáit leanúint dá n-iarrachtaí uaillmhian aeráide na gcistí a urramú.

Chun slándáil fuinnimh a fheabhsú agus dlús a chur leis an aistriú ar fud an Aontais agus chun soghluaisteacht ghlan a chur chun cinn freisin, ba cheart cuspóir sonrach nua a chruthú chun idirnascairí fuinnimh agus bonneagar tarchurtha gaolmhar a chur chun cinn, agus chun bonneagar athluchtaithe ó acmhainní CFRE agus an Chiste Chomhtháthaithe a imscaradh.

Chun dlús a chur le haistriú fuinnimh na hearnála tionsclaíochta, go háirithe in earnálacha dianfhuinnimh, atá riachtanach chun cuspóirí aeráide an Aontais a bhaint amach agus chun iomaíochas agus athléimneacht an Aontais a bhaint amach, molann an Coimisiún raon feidhme na tacaíochta ó CFRE a mhéadú chuig dícharbónú tionscadal a roghnaítear i gcomhthéacs ionstraimí an Aontais, go háirithe tionscadail i suiteálacha ar bronnadh ‘Séala Ceannasachta’ orthu faoin gCiste don Nuálaíocht arna bhunú ag Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais (ETS), agus seiceálacha riaracháin a laghdú le haghaidh tacaíocht den chineál céanna faoi CUAC.

Tá sé ríthábhachtach athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a mhéadú chun an t-iomaíochas a áirithiú. I gcomhréir leis an Straitéis um Aontas na hUllmhachta agus le coincheap na hullmhachta agus na slándála trí dhearadh, tá sé ríthábhachtach infheistíochtaí inbhuanaithe agus eolasacha a áirithiú, bunaithe ar shonraí samhaltaithe aeráide cuí, chun pobail leochaileacha mar aon le geilleagar agus iomaíochas an Aontais a chosaint.

*Réigiúin na teorann thoir*

I bhfianaise na ndúshlán atá roimh réigiúin na teorann thoir ó thosaigh fogha na Rúise faoin Úcráin, ba cheart go mbainfeadh cláir faoin sprioc ‘Infheistíocht le haghaidh post agus fáis’ le réigiúin NUTS 2 a bhfuil teorainneacha acu leis an Rúis, leis an mBealarúis nó leis an Úcráin tairbhe as an bhféidearthacht go ndéanfaí réamh-mhaoiniú aonuaire 9,5 % ar leithdháileadh an chláir mar aon le maoiniú 100 % ón Aontas.

**Níos mó solúbthachta agus simpliú chun dlús a chur le hinfheistíochtaí**

Leath bealaigh tríd an gclárthréimhse 2021-2027, tá leibhéal na n-íocaíochtaí arna n-éileamh ag na Ballstáit chuig an gCoimisiún íseal, mar gheall ar mheascán tosca: glacadh déanach na rialachán lena rialaítear an beartas; an gá atá ann aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna a tháinig chun cinn i ndiaidh a chéile ó phaindéim COVID-19 go dtí an cogadh in aghaidh na

hÚcráine, agus an ghéarchéim fuinnimh; an brú chun an chlárthréimhse roimhe sin a dhúnadh; agus tosaíocht do chur chun feidhme ionstraimí NGEU, i bhfianaise a dtréimhse ama cur chun feidhme níos giorra. Chuir sé sin go léir brú ar acmhainneachtaí riaracháin údaráis na mBallstát infheistíochtaí a dhearadh agus a sholáthar go tapa. D'ainneoin an ghéaraithe thapa a tharla le bliain anuas agus roghnú tionscadal gar do 40 % de na leithdháiltí, ba cheart dlús a chur le cur chun feidhme an bheartais chomhtháthaithe go tapa i gcomhthéacs ina bhfuil raon dúshlán nua roimh an Aontas a dteastaíonn mearfhreagairtí ina leith. Dá bhrí sin, molann an Coimisiún sraith beart arb é is aidhm dóibh solúbthacht agus simpliú úsáid na tacaíochta ón mbeartas comhtháthaithe a fheabhsú a thuilleadh chun dlús a chur le hinfheistíochtaí:

– Ionas nach gcuirfear moill ar chur chun feidhme an chláir mar gheall ar shrianta buiséadacha náisiúnta, agus chun acmhainneacht airgeadais na mBallstát a leathnú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin nua atá ag teacht chun cinn, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún réamh-mhaoiniú aonuaire 4,5 % arna sholáthar ó CFRE agus ón gCiste Comhtháthaithe in 2026 a sholáthar do na cláir uile lena n-ath-leithdháiltear 15 % ar a laghad dá n-acmhainní le haghaidh na dtosaíochtaí nua i gcomhthéacs an phróisis athbhreithnithe meántéarma. Tá sé beartaithe an céatadán réamh-mhaoinithe a mhéadú go 9,5 % in 2026 le haghaidh cláir faoin sprioc 'Infheistíocht le haghaidh post agus fáis' lena gcumhdaítear réigiún NUTS2 amháin nó níos mó ná sin atá ar theorainn na Rúise, na Bealarúise nó na hÚcráine. Ionas nach laghdóidh an riosca de mhoilleanna agus an caillteanas comhfhreagrach cistí an toilteanas leasuithe ar chlár a chur i gcrích agus cur chun feidhme cuí na n-oibríochtaí lena mbaineann a áirithiú, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún síneadh a chur leis an teorainn ama chun acmhainní CFRE agus an Chiste Chomhtháthaithe a úsáid agus síneadh bliana breise a chur leis an dáta deiridh le haghaidh incháilitheachta. Tá sé beartaithe gan an tsolúbthacht sin a chur ar fáil ach do chláir lena moltar leasuithe a bhfuil ath-leithdháileadh 15 % ar a laghad de na hacmhainní le haghaidh na dtosaíochtaí nua a leagtar amach sa togra seo mar thoradh orthu agus i gcomhthéacs an athbhreithnithe mheántéarma, a luaithe a fhormheasfar iad.

– Beidh costais a bhaineann le gníomhaíochtaí ullmhúcháin le haghaidh athchóirithe incháilithe lena n-áirítear costais le haghaidh athchóirithe neamhspleácha (i.e. ní bheidh infheistíochtaí ag gabháil leo).

– Chun tuilleadh feabhais a chur ar shineirgí i measc bheartais agus ionstraimí an Aontais, tá sé beartaithe go gcumhdófar CUAC freisin le sásra an tSéala Barr Feabhais (lena n-áirítear an Séala Ceannasachta) agus leis an bhféidearthacht nós imeachta roghnúcháin simplithe a bheith ann faoi Rialachán (AE) 2021/1060, rud a chuirfeadh tacaíocht ar fáil do thionscadail a roghnaítear faoi ionstraimí eile de chuid an Aontais ach nach bhfuil cistiú leordhóthanach acu. I bhfianaise an éilimh mhóir ar an gCiste don Nuálaíocht agus a chuntais teiste maidir le tacú le tionscadail atá aibí a ndóthain agus a bhfuil acmhainneacht mhór acu astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, agus a léiríonn teicneolaíochtaí, próisis nó táirgí an-nuálach, nó atá dírithe ar theicneolaíochtaí, próisis nó táirgí nuálacha a uas-scálú chun a rolladh amach leathan tráchtála a bhaint amach ar fud an Aontais, molann an Coimisiún freisin ailíniú leis na féidearthachtaí le haghaidh tionscadail a fhaigheann tacaíocht faoin gCiste don Nuálaíocht agus foráil spriocdhírithe chomhfhreagrach a áireamh chun foráil a dhéanamh maidir le táirgeadh, próiseáil, iompar, dáileadh, stóráil nó dóchán breoslaí iontaise ar choinníoll gur sannadh Séala Ceannasachta do na tionscadail sin faoin gCiste don Nuálaíocht.

– Agus aitheantas á thabhairt aige don ról tábhachtach atá ag cathracha maidir le cuspóirí an Aontais a bhaint amach, maidir le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin áitiúla agus maidir leis na naisc uirbeacha-thuaithe a neartú chun forbairt réigiúnach chothrom a chur chun cinn, molann an Coimisiún an Tionscnamh Uirbeach Eorpach (TUE) a threisiú tríd an bhféidearthacht acmhainní ó CFRE a ath-leithdháileadh ar TUE a thabhairt isteach. Thacódh méideanna den sórt sin le gníomhaíochtaí ar mhaithe leis na Ballstáit a thionscnaíonn an t-ath-leithdháileadh. Molann an Coimisiún freisin Séala Barr Feabhais a bhunú do TUE, rud a chumasódh tacaíocht faoi chláir an bheartais chomhtháthaithe do thionscadail TUE a roghnaíodh ach nach bhféadfadh cistiú a fháil mar gheall ar acmhainní neamhleora. Bheadh an deis ag na Ballstáit freisin acmhainní CFRE a ath-leithdháileadh óna gcláir faoin sprioc 'Infheistíocht le haghaidh post agus fáis' ar an Ionstraim um Infheistíocht Nuálaíochta Idir-Réigiúnach, agus dá bhrí sin níos mó solúbthachta a bheith acu maidir le húsáid acmhainní. Tá na hath-leithdháiltí sin á ndéanamh laistigh den chiste céanna, CFRE, agus dá bhrí sin tá sé beartaithe gan iad a áireamh sna huasteorainneacha a leagtar amach in Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2021/1060.

D'fhonn cur chun feidhme rathúil agus éifeachtach CUAC a éascú, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún deireadh a chur leis na srianta reatha is infheidhme maidir le spriocanna táscairí sna Pleananna um Aistriú Cóir a mhodhnú tar éis a leasaithe mar chuid den athbhreithniú meántéarma. Ní féidir deireadh a chur leis na srianta sin ach amháin mura ndéanann siad difear don aistriú chuig aeráidneodracht agus do ghealltanais chun deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise.

• **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra comhsheasmhach leis na cuspóirí a leanann cistí an bheartais comhtháthaithe agus tá sé teoranta do leasú spriocdhírithe ar Rialachán (AE) 2021/1058 agus Rialachán (AE) 2021/1056.

• **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra teoranta do leasú spriocdhírithe ar Rialachán (AE) 2021/1058 agus ar Rialachán (AE) 2021/1056 agus tá sé comhsheasmhach go fóill le beartais eile de chuid an Aontais.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• **Bunús dlí**

Tá an togra seo bunaithe ar Airteagail 175, 177, 178 agus 322 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

• **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Chun na Ballstáit a spreagadh chun a gcláir de chuid an bheartais chomhtháthaithe a ailíniú ar bhealach níos fearr le tosaíochtaí an Aontais atá ag teacht chun cinn agus, ag an am céanna, níos mó solúbthachta agus simplithe a áirithiú chun dlús a chur le hinfheistíochtaí, moltar leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/1058 agus ar Rialachán (AE) 2021/1056. Ní féidir an méid céanna sin a bhaint amach le gníomhaíocht ar an leibhéal náisiúnta.

• **Comhréireacht**

Is é is aidhm don togra na Ballstáit a dhreasú chun a gcláir de chuid an bheartais chomhtháthaithe a ailíniú a thuilleadh le tosaíochtaí an Aontais atá ag teacht chun cinn agus

níos mó solúbthachta agus simplithe a chur ar fáil chun dlús a chur le hinfheistíochtaí. Ní théann na bearta thar a bhfuil riachtanach chun na spriocanna sin a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Rialachán, sin é an ionstraim iomchuí, mar go bhforáiltear leis rialacha is infheidhme go díreach maidir leis an tacaíocht.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Neamhbhainteach

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach

- **Measúnú tionchair**

Rinneadh measúnú tionchair chun an togra a ullmhú le haghaidh Rialachán (AE) Uimh. 2021/1058 agus Rialachán (AE) Uimh. 2021/1056. Ní theastaíonn measúnú tionchair ar leithligh i gcás na n-athruithe teoranta spriocdhírithe reatha seo.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach

- **Cearta bunúsacha**

Neamhbhainteach

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Baineann an togra le cláir an bheartais chomhtháthaithe faoin tréimhse 2021-2027 agus beidh réamh-mhaoiniú breise mar thoradh air a bheidh le híoc faoi CFRE in 2026. Mar thoradh ar an réamh-mhaoiniú breise sin, tabharfar tús-ualú ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí go dtí 2026 i gcomparáid le cás nach mbeidh aon athrú beartais ann agus beidh sé neodrach ó thaobh an bhuiséid de le linn na tréimhse 2021-2027. Bunaithe ar ghlacadh measta an togra, is é EUR 16,1 billiún an réamh-mhaoiniú breise iomlán atá le híoc in 2026. San am céanna, agus réamhaisnéisí íocaíochta agus athruithe cur chun feidhme á gcur san áireamh, meastar gurb é EUR 3,6 billiún an glantionchar buiséadach, a áireofar i ndréachtbhuiséad 2026. Beidh tús-ualú páirteach íocaíochtaí mar thoradh ar an bhféidearthacht iarratas a dhéanamh ar ráta méadaithe maoiniúcháin ón Aontas le haghaidh infheistíochtaí i ndáil le cosaint, tithíocht, athléimneacht uisce, bonneagar fuinnimh áirithe agus le haghaidh cláir lena gcumhdaítear réigiúin teorainneacha oirthearacha, agus beidh íocaíochtaí níos ísle ina dhiaidh sin ann ag céim níos déanaí toisc nach bhfuil aon athrú ar an imchlúdach foriomlán. Beidh tionchar buiséadach iarbhír an ráta cómhaoinithe mhéadaithe ar bhonn bliantúil ag brath ar ghlacadh na mBallstát agus ar luas chur isteach na n-iarratas ar íocaíocht.

Chun an modhnú atá beartaithe a dhéanamh, ní gá aon athrú a dhéanamh ar uasteorainneacha bliantúla an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil le haghaidh gealltanas agus íocaíochtaí de réir mar a leagtar síos in Iarscríbhinn I de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle.

## 5. EILIMINTÍ EILE

### • Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe

Déanfar faireachán agus tuairisciú ar chur chun feidhme an bhirt faoi chuimsiú na sásraí tuairiscithe ginearálta a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 2021/1060.

### • Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)

Neamhbhainteach

### • Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra

Baineann an togra le leasú ar Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le CFRE, an Ciste Comhtháthaithe agus CUAC:

**Cuspóirí sonracha**

*Iomaíochas agus dícharbónú*

- Baintear an teorainn 20 % a leagtar síos maidir le hacmhainní a athchlárú do chuspóirí sonracha STEP.
- Is féidir tacaíocht a fháil ó CFRE agus ón gCiste Comhtháthaithe d'fhiontair nach FBManna iad, a mhéid a chomhlíonann siad na rialacha maidir le Státchabhair mar a leagtar amach in Airteagail 107 agus 108 den Chonradh, le haghaidh infheistíochtaí a bhíonn rannpháirteach i dTionscadal Tábhachtach ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne arna fhormheas ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 107(3), pointe (b), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus de bhun Theachtaireacht C(2021) 8481, nó i gcás ina n-éascaíonn na fiontair coigeartú tionsclaíoch atá nasctha le dícharbónú próiseas agus táirgí táirgeachta. Ina theannta sin, leathnaítear an fhéidearthacht tacú le fiontair mhóra chuig gach réigiún i gcomhthéacs chuspóirí sonracha STEP faoi chuspóirí beartais 1 agus 2, a mhéid a cheadaítear sin faoi na rialacha maidir le Státchabhair;
- An fhéidearthacht do na Ballstáit acmhainní a aistriú ó CFRE nó ón gCiste Comhtháthaithe chuig urrann an Bhallstáit de Chiste InvestEU lena n-imscaradh in ionstraim airgeadais nua InvestEU, mar a áirítear sa togra le haghaidh leasú ar Rialachán InvestEU (COM(2025) 84);
- Maidir le Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne atá formheasta ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 107(3), pointe (b), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus de bhun Theachtaireacht C(2021) 8481, déantar an próiseas roghnúcháin a shimpliú toisc go bhfuil na húdaráis bhainistíochta in ann, i gcomhréir le rialacha Státchabhrach, tacaíocht a dheonú go díreach ó CFRE do thionscadail atá rannpháirteach go díreach i dtionscadal formheasta den sórt sin; mar atá Tionscadal Tábhachtach ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne.
- A áirithiú go méadóidh infheistíochtaí le cistiú ón gCiste Comhtháthaithe athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, ós rud é gur cuid ríthábhachtach é freisin den iomaíochas a áirithiú.

*Slándáil agus cosaint*

- Tugtar cuspóir sonrach nua isteach faoi chuspóir beartais 1 le haghaidh CFRE agus faoi chuspóir beartais 3 le haghaidh CFRE agus don Chiste Comhtháthaithe chun tacú le hinfheistíochtaí i gcumas cosanta an Aontais agus leasaítear raon feidhme na tacaíochta chun foráil a dhéanamh maidir le tacaíocht d'fhiontair nach FBManna iad le haghaidh na gcuspóirí sonracha sin, a mhéid a cheadaítear faoi na rialacha maidir le Státchabhair. Leis an gcuspóir sonrach faoi chuspóir beartais 3, cuirfear bonneagar athléimneach cosanta nó dé-úsáide chun cinn chun soghluaisteacht mhíleata a chothú san Aontas. Thairis sin, íocfaidh an Coimisiún, sa bhreis ar an réamh-mhaoiniú bliantúil le haghaidh na gclár, réamh-mhaoiniú eisceachtúil aonuaire 30 % bunaithe ar na hacmhainní a leithdháiltear ar na cuspóirí sonracha sin i dtosaíochtaí tiomnaithe agus socraítear an t-uasráta cómhaoinithe le haghaidh na dtosaíochtaí sin ag 100 %.

*Tithíocht inacmhainne (lena n-áirítear tithíocht shóisialta)*

- Chun infheistíochtaí i dtithíocht inacmhainne a chur chun cinn, lena n-áirítear tithíocht shóisialta agus tacaíocht d'athchóirithe gaolmhara, tugtar isteach trí chuspóir shonracha nua le haghaidh CFRE agus ceann amháin don Chiste Comhtháthaithe. I gcás na gcuspóirí sonracha sin, íocfaidh an Coimisiún, sa bhreis ar an réamh-mhaoiniú bliantúil le haghaidh na gclár, réamh-mhaoiniú eisceachtúil aonuaire 30 % bunaithe ar na hacmhainní a leithdháiltear ar thosaíochtaí tiomnaithe agus is é 100 % an t-uasráta cómhaoinithe le haghaidh tosaíochtaí tiomnaithe a thacaíonn leis na cuspóirí sin. Ag an am céanna, ní mór a áirithiú go mbeidh an tithíocht athléimneach ó thaobh na haeráide de.
- Thairis sin, leasaítear raon feidhme an Chiste um Aistriú Cóir chun go bhféadfar infheistíochtaí i dtithíocht inacmhainne agus tacaíocht d'athchóirithe ábhartha a dhéanamh freisin chun tacú le cur chun feidhme na bpleananna críochacha um aistriú cóir.

*Rochtain shlán ar uisce, bainistiú inbhuanaithe uisce agus athléimneacht uisce*

- Is léiriú é an leasú ar an gcuspóir sonrach maidir le 'rochtain shlán ar uisce, bainistiú inbhuanaithe uisce agus athléimneacht uisce a chur chun cinn' ar an tábhacht straitéiseach a bhaineann le bainistiú um athléimneacht i réimse an uisce don Aontas. Chun cuidiú le dlús a chur le hinfheistíochtaí sa réimse sin, íocfaidh an Coimisiún, sa bhreis ar an réamh-mhaoiniú bliantúil le haghaidh na gclár, réamh-mhaoiniú eisceachtúil aonuaire 30 % bunaithe ar na hacmhainní a leithdháiltear ar thosaíochtaí tiomnaithe a thacaíonn leis an gcuspóir sonrach agus is é 100 % an t-uasráta cómhaoinithe le haghaidh tosaíochtaí tiomnaithe a thacaíonn leis na cuspóirí sin.

*Aistriú fuinnimh*

- Chun slándáil fuinnimh a fheabhsú agus dlús a chur leis an aistriú ar fud an Aontais agus chun soghluaisteacht ghlan a chur chun cinn freisin, ba cheart cuspóir sonrach nua a chruthú chun idirnascairí fuinnimh agus bonneagar tarchurtha gaolmhar a chur chun cinn, agus chun bonneagar athluchtaithe ó acmhainní CFRE agus an Chiste Chomhtháthaithe a imscaradh.

*Réigiúin na teorann thoir*

- I bhfianaise na ndúshlán a bhaineann le réigiúin na teorann thoir ó thosaigh cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, ba cheart do chláir faoin sprioc 'Infheistíocht le haghaidh post agus fáis' - arna maoiniú ag CFRE nó ag an gCiste Comhtháthaithe le réigiúin NUTS 2 a bhfuil teorainneacha acu leis an Rúis, leis an mBealarúis nó leis an Úcráin - tairbhe a bhaint as an bhféidearthacht go mbeadh réamh-mhaoiniú aonuaire 9,5 % agus maoiniú 100 % ón Aontas ann, má dhéanann cláir 15 % ar a laghad dá n-acmhainní a

ath-leithdháileadh ar na cuspóirí sonracha nua a tugadh isteach agus ar STEP. I gcás ina gcumhdaíonn an clár comhfhreagrach críoch iomlán an Bhallstáit, níor cheart feidhm a bheith ag na solúbthachtaí airgeadais sin ach amháin más é an clár lena gcumhdaítear críoch iomlán an Bhallstáit an t-aon chlár sa Bhallstát ina n-áirítear na réigiúin NUTS 2 lena mbaineann.

*Na cathracha*

- Neartaítear an Tionscnamh Uirbeach Eorpach trí chead a thabhairt Séala Barr Feabhais a shannadh do ghníomhaíochtaí nuálacha a ndearnadh measúnú orthu agus a chomhlíonann na híoscheanglais cháilíochta ach nach bhféadfaí a mhaoiniú mar gheall ar shrianta buiséadacha agus trí chead a thabhairt do na Ballstáit cuid dá leithdháileadh náisiúnta tosaigh CFRE a leithdháileadh ar an Tionscnamh Uirbeach Eorpach. Ní chuirfí an t-ath-leithdháileadh sin san áireamh sna huasteorainneacha a leagtar amach in Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2021/1060.

**Solúbthachtaí breise maidir le cur chun feidhme**

*Díriú téamach*

- Déantar athbhreithniú ar cheanglais CFRE maidir le díriú téamach chun freastal ar thabhairt isteach na gcuspóirí sonracha leasaithe nua agus na gcuspóirí sonracha a tugadh isteach mar chuid de Rialachán STEP. Mar sin féin, leanfaidh na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2021/1060 d'fheidhm a bheith acu maidir le hinfheistíochtaí a bhaineann leis an aeráid.

*Athscrúdú meántéarma*

- Ionas go bhféadfadh na Ballstáit úsáid éifeachtach a bhaint as na tosaíochtaí agus na solúbthachtaí nua, moltar cead a thabhairt dóibh a dtogra maidir le hathbhreithniú meántéarma a chur isteach arís 2 mhí ar a dhéanaí tar éis theacht i bhfeidhm na leasuithe rialála sin.
- Chun cuidiú le dlús a chur le cur chun feidhme CFRE agus an Chiste Chomhtháthaithe, na cláir uile lena n-ath-leithdháiltear 15 % ar a laghad dá n-acmhainní le haghaidh na gcuspóirí sonracha nua a tugadh isteach agus STEP, gheobhaidís réamh-mhaoiniú aonuaire 4,5 % ar bhonn a mbuiséad cláir leasaithe (cé is moite de réigiúin NUTS 2 a bhfuil teorainneacha acu leis an Rúis, leis an mBealarúis nó leis an Úcráin, a bhaineann tairbhe as réamh-mhaoiniú aonuaire níos airde 9,5 %). Thiocfadh an réamh-mhaoiniú breise a bhaineann leis na réimsí tosaíochta nua atá socraithe thuas anuas ar an méid sin.
- Ina theannta sin, cuirtear bliain bhreise amháin leis an dáta deiridh le haghaidh incháilitheacht caiteachais i gcás chláir CFRE agus an Chiste Chomhtháthaithe a ndéantar 15 % ar a laghad den imchlúdach ina leith a athdhíriú ar na réimsí tosaíochta nua.
- Chun solúbthacht a sholáthar maidir le ríomh na ranníocaíochta aeráide, i gcás ina sáraítear an ranníocaíocht aeráide dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2021/1060 le haghaidh an Chiste Comhtháthaithe nó CFRE, d'fhéadfaí an méid a sháraíonn an sprioc a chur san áireamh agus an ranníocaíocht aeráide don chiste eile á ríomh.

*Áirítear an méid seo a leanas ar na leasuithe breise atá dírithe ar an gcur chun feidhme a chuíchóiriú:*

- An deis a bheith ag na Ballstáit acmhainní a ath-leithdháileadh ó CFRE ar an Ionstraim um Infheistíochtaí Nuálaíochta Idir-Réigiúnacha;
- An fhéidearthacht tacú le gníomhaíochtaí a rannchuidíonn le cur chun feidhme na n-athchóirithe;
- An t-athbhreithniú cuí-réasúnaithe ar spriocanna táscairí aschuir mar chuid de leasú ar chlár CUAC agus a áirithiú ag an am céanna nach ndéanfaidh athbhreithnithe den sórt sin difear don aistriú chuig neodracht aeráide ná do na gealltanais chun deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise.

2025/0084 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 175, 177, 178 agus 322 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[2],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[3],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le blianta beaga anuas, tá a lorg fágtha ag an éiginnteacht mhór sa dinimic gheopholaitiúil, rud a éilíodh athmheastóireacht bhunúsach ar uathriail straitéiseach, athléimneacht agus slándáil an Aontais in éineacht leis na dúshláin a eascraíonn as an aistriú glas, as an aistriú sóisialta agus as an aistriú teicneolaíochta. Leis na claochluithe comhuaineacha sin léirítear an géarghá leis an mbearna nuálaíochta a dhúnadh, dlús a chur le hiarrachtaí dícharbónaithe chun iomaíochas eacnamaíoch a dhaingniú agus chun spleáchais sheachtracha a laghdú trí shlabhraí soláthair a éagsúlú, trí uas-scálú a dhéanamh ar fhuinneamh glas a tháirgtear sa bhaile, agus trí infheistíocht a dhéanamh in earnálacha criticiúla.

(2) Mar phríomhionstraim infheistíochta an Aontais laistigh den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil, tá ról ríthábhachtach ag an mbeartas comhtháthaithe chun tacú leis na tosaíochtaí sin. Leis sin, spreagtar infheistíochtaí spriocdhírithe a rannchuidíonn le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach agus an tráth céanna tugtar aghaidh ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn.

(3) Déantar foráil leis an gcreat dlíthiúil do na cláir beartais comhtháthaithe maidir le hathbhreithniú meántéarma in 2025, rud a chuireann deis thráthúil agus uathúil ar fáil chun cláir a athdhíriú ar aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus ar dheiseanna nua, chun dlús a chur le cur chun feidhme agus chun a n-éifeachtacht a mhéadú chun freagairt ar thosaíochtaí nua agus seantosaíochtaí an Aontais araon.

(4) Sa Chompás Iomaíochais, chuir an Coimisiún i láthair sa Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan agus sa Phlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne,

2 IO C , , lch. .
3 IO C , , lch. .

conair nithiúil don Eoraip chun a iomaíochas a fháil ar ais agus chun rathúnas inbhuanaithe a dhaingniú. Le CFRE agus leis an gCiste Comhtháthaithe tacaítear cheana le hinfheistíochtaí i gcuspóirí aeráide mar a shonraítear i Rialachán (AE) 2021/1060. Mar sin féin, ba cheart do na Ballstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí chun a áirithiú gur spreagadh don fhás é an dícharbónú le haghaidh thionscail na hEorpa agus rathúnas mhuintir na hEorpa agus sin, i measc nithe eile, trí thacaíocht a thabhairt don teicneolaíocht ghlan agus don aistriú chuig fuinneamh glan a uas-scálú, trí infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail bonneagair fuinnimh lenar féidir fíor-Aontas Fuinnimh a áirithiú mar aon le trí thacú le dícharbónú próiseas agus táirgí táirgeachta.

(5) I bhfianaise na héagobhsaíochta geopholaitiúla nach bhfacthas a leithéid riamh agus an gá leis an Aontas a chosaint féin a ráthú, ba cheart cistiú beartais comhtháthaithe a shlógadh go pras chun tacú go díreach le hinfheistíochtaí sa chumas cosanta. Dá bhrí sin, is gá cuspóirí sonracha nua a chruthú maidir le tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus ón gCiste Comhtháthaithe a bhunaítear le Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] chun acmhainneachtaí tionsclaíocha in earnáil na cosanta a mhaoiniú agus chun go bhféadfaí infheistíocht a dhéanamh sa chosaint athléimneach nó sa bhonneagar dé-úsáide d'fhonn soghluaisteacht mhíleata a chothú, i gcomhréir le raon feidhme na gcistí sin. Na hacmhainneachtaí tionsclaíocha chun cumais chosanta a chothú, ba cheart baint a bheith acu le forbairt teicneolaíochta agus le táirgeadh táirgí a bhaineann le cosaint agus táirgeadh táirgí eile chun críoch cosanta, mar a a shainmhínítear in Airteagal 2 den [dréacht] Rialachán ón gComhairle [xxxx] lena mbunaítear an Ionstraim um Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip tríd an ionstraim chun tionscal cosanta na hEorpa a atreisiú, go háirithe na acmhainneachtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 den Rialachán sin. Moltar do na Ballstáit an fhéidearthacht dá bhforáiltear sa chreat dlíthiúil atá ann faoi láthair a úsáid , is é sin acmhainní arna leithdháileadh orthu faoi bhainistíocht chomhroinnte a aistriú go deonach chuig cláir a bhainistítear go díreach, cláir a bhfuil cuspóirí cosanta agus slándála acu. Sa chomhthéacs sin, na haistrithe chuig imchlúdach soghluaisteachta míleata na Saoráide um Chónascadh na hEorpa, d'áiritheofaí leo idirghabhálacha comhordaithe ar feadh na gconairí soghluaisteachta míleata a chuirtear i dtábhacht sa Pháipéar bán maidir le Cosaint.

(6) Thairis sin, d'fhonn leachtacht a instealladh go tapa chun na riachtanais is práinní a chumhdach, go háirithe d'infheistíochtaí i gcumais chosanta fheabhsaithe, ba cheart féidearthachtaí maoinithe breise a thairiscint. Go háirithe, is gá foráil a dhéanamh maidir le réamh-mhaoiniú breise aonuaire 30 % de na méideanna atá clársceidealaithe faoi thosaíochtaí tiomnaithe le haghaidh na cosanta faoi chuspóirí beartais faoi seach CFRE agus an Chiste Comhtháthaithe agus maidir leis an bhféidearthacht ráta cómhaoinithe ón Aontas suas le 100 % a chur i bhfeidhm.

(7) Féadfaidh CFRE agus an Ciste Comhtháthaithe, laistigh dá raon feidhme faoi seach, tacú cheana le hinfheistíochtaí lena rannchuidítear le cuspóirí an 'Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip' arb é is aidhm leis ceannaireacht theicneolaíoch na hEorpa a neartú. D'fhonn infheistíochtaí ó CFRE agus ón gCiste Comhtháthaithe sna réimsí ríthábhachtacha sin a dhreasú tuilleadh, ba cheart an teorann do ranníocaíocht foriomlán CFRE agus an Chiste Comhtháthaithe leis na tosaíochtaí sin a bhaint agus ba cheart an deis atá ag na Ballstáit réamh-mhaoinithe breise a fháil le haghaidh leasuithe gaolmhara ar chlár a leathnú. Thairis sin, ba cheart

---

4 IO L 231, 30.6.2021, lch. 60.

na deiseanna infheistíochtaí táirgiúla a mhaoiniú lena rannchuidítear le cuspóirí an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip i bhfiontair seachas FBManna a leathnú chun gach réigiún a chumhdach. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart go bhféadfaí na hinfheistíochtaí sin a dhéanamh i réigiúin ina n-éascaítear coigeartú digiteach atá nasctha leis an aistriú digiteach, lena n-áirítear acmhainneachtaí digiteacha sa néalríomhaireacht, san intleacht shaorga agus sa sár-ríomhaireacht, nó le dícharbónú agus ciorclaíocht próiseas agus táirgí táirgeachta, amhail sa tionscal gluaisteán nó sna tionscail dianfhuinnimh. Ina theannta sin, an fhéidearthacht a chuirtear ar fáil le haghaidh infheistíochtaí lena rannchuidítear le cuspóirí an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip chun infheistíochtaí táirgiúla i bhfiontair seachas FBManna ón gCiste um Aistriú Cóir a mhaoiniú a bhunaítear le Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] gan gá le hanailís ar bhearnaí agus gan bheann ar thoradh anailís ar bhearnaí, ba cheart í a leathnú go na hinfheistíochtaí uile.

(8) Chun slándáil fuinnimh a fheabhsú agus dlús a chur leis an aistriú fuinnimh agus leis an tsoghluaisteacht ghlan, ba cheart na hinfheistíochtaí faoin Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip agus faoin tSaoráid Bonneagair breoslaí malartacha a chomhlánú le cuspóir sonrach nua a chruthú do CFRE agus don Chiste Comhtháthaithe faoi chuspóir beartais 2 chun idirnascairí fuinnimh agus bonneagar tarchurtha gaolmhar a chur chun cinn, agus le bonneagar athluchtúcháin a imscaradh. D'fhonn dlús a chur le hinfheistíochtaí sna réimsí sin, ba cheart do thosaíochtaí atá tiomnaithe don chuspóir sonrach sin leas a bhaint as réamh-mhaoiniú breise aonuaire 30 % de na méideanna atá clársceidealaithe faoi na tosaíochtaí sin agus den fhéidearthacht ráta cómhaoinithe ón Aontas suas le 100 % a chur i bhfeidhm. Ba cheart d'údaráis bhainistíochta féachaint leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as cistiúchán príobháideach, i gcás inarb ábhartha. Leis an iarracht infheistíochta feabhsaithe sin beidh earnálacha dianfhuinnimh in ann teacht ar fhoinsí fuinnimh níos cobhsaí agus níos éagsúla i margadh inmheánach fuinnimh nach bhfuil chomh hilroinnte céanna, rud a neartófar a n-inbhuanaitheacht agus a n-iomaíochas. Thairis sin, le leathnú tacaíocht CFRE chun tionscadail dícharbónaithe a chumhdach, beidh tionscail dianfhuinnimh in ann tosaíocht a thabhairt do nuálaíocht ardtionchair atá ailínithe le cuspóirí aeráide an Aontais.

(9) Eascraíonn Tionscadail thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne (IPCEI) ó ionstraim Státchabhrach lena dteastaíonn comhar tras-Eorpach le haghaidh teicneolaíochtaí nuálacha nó bonneagair uile-Eorpacha. Na tionscadail thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne (IPCEI), is tionscadail iad a thacaíonn le tionscadail trasteorann, mórscála a mheastar a bheith fíor-riachtanach d'fhás eacnamaíoch, nuálaíocht agus iomaíochas an Aontais. Chun cabhrú le dlús a chur le dearadh tionscadal tábhachtach nua ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne agus le cur chun feidhme na dtionscadal atá ann cheana, ba cheart tacaíocht ó CFRE maidir le hinfheistíochtaí i tionscadail atá rannpháirteach i dtionscadal tábhachtach ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne arna bhformheas ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 107(3), pointe (b), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus de bhun Teachtaireacht C(2021) 8481 a cheadú i ngach catagóir réigiún. Thairis sin, ba cheart d'oibríochtaí lena rannchuidítear le tionscadal tábhachtach ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne arna fhormheas ag an gCoimisiún tairbhiú de nósanna imeachta roghnúcháin simplithe.

---

[5] IO L 231, 30.6.2021, lch. 1.

(10) Dúshlán eile is ea tithíocht inacmhainne a tháinig chun cinn mar thoradh ar mhéadú mór i bpraghsanna le blianta beaga anuas.. D'fhonn na Ballstáit agus réigiúin a dhreasú chun infheistíocht ó CFRE agus ón gCiste Comhtháthaithe a dhúbailt, laistigh dá raon feidhme faoi seach, i dtógáil agus athchóiriú stoic tithíochta inacmhainne, lena n-áirítear tithíocht shóisialta, ba cheart cuspóirí sonracha nua a cruthú faoi chuspóirí beartais éagsúla chun solúbthacht a sholáthar le haghaidh clársceidealú idirghabhálacha tithíochta faoi thosaíochtaí tiomnaithe. Sna tosaíochtaí sin, ba cheart an deis a bheith ann ráta cómhaoinithe ón Aontas suas le 100 % a chur i bhfeidhm agus ba cheart dóibh leas a bhaint as réamh-mhaoiniú breise aonuaire 30 % de na méideanna atá clársceidealaithe d'fhonn an t- ualach ar bhuiséid phoiblí a mhaolú. Mar shampla, ba cheart d'infheistíochtaí faoin tionscnamh 'Bauhaus Eorpach Nua' leas iomlán a bhaint as na féidearthachtaí nua sin. Féadfaidh na háititheoirí tacaíocht a fháil freisin faoi na tosaíochtaí sin chun íoc as costais mar thoradh ar lóistín malartach a thógáil ar cíos go sealadach le linn an athchóirithe, agus féadfar tacaíocht a fháil chun íoc as costais athchóirithe a bhaineann le tithíocht, amhail obair ullmhúcháin d'fheabhsuithe i rialáil agus ceadú an mhargaidh tithíochta ar an leibhéal áitiúil agus cathrach. Is iomchuí freisin tacaíocht an Chiste um Aistriú Cóir a shoiléiriú sa chomhthéacs sin.

(11) Tá ról ríthábhachtach ag an uisce mar acmhainn do shlándáil córas bia, fuinnimh agus eacnamaíoch. Is príomhghné é sin freisin chun athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a áirithiú. I bhfianaise na ndúshlán a bhaineann le tionchar an athraithe aeráide ar acmhainní uisce, ba cheart infheistíochtaí breise san athléimneacht uisce a spreagadh. Tá sé práinneach cur chun feidhme na reachtaíochta cosanta uisce agus muirí a fheabhsú agus feabhas a chur ar éifeachtúlacht uisce, aghaidh a thabhairt ar ghanntanas uisce, agus dul chun cinn a dhéanamh i dtreo Eoraip a bheidh athléimneach ó thaobh uisce de. Mar sin, teastaíonn infheistíochtaí tábhachtacha. Dá bhrí sin, is iomchuí tagairt do rochtain shlán ar uisce, bainistiú inbhuanaithe uisce agus athléimneacht uisce á áireamh sa chuspóir sonrach nua faoi chuspóir beartais 2 chun bainistiú réamhghníomhach rioscabhunaithe agus ullmhacht mhéadaithe a éascú. Na tosaíochtaí tiomnaithe arna mbunú don chuspóir sonrach sin, ba cheart go mbainfaidís leas freisin as réamh-mhaoiniú breise aonuaire 30 % de na méideanna atá clársceidealaithe agus as an deis ráta cómhaoinithe suas le 100 % d'fhonn infheistíochtaí ríthábhachtacha sa réimse sin a dhreasú.

(12) Ar deireadh, d'fhonn éifeachtacht infheistíochtaí a fheabhsú, tá sé tábhachtach íocaíocht costas a bhaineann le cur chun feidhme athchóirithe a cheadú, i gcás nach bhfuil baint dhíreach ag na costais sin le cur chun feidhme infheistíochtaí.

(13) D'fhonn é a chur ar a gcumas do na Ballstáit ath-chlársceidealú fiúntach a dhéanamh i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma agus acmhainní a dhíriú ar thosaíochtaí straitéiseacha nua an Aontais sin, ba cheart deireadh a chur le srianta breise. A mhéid a bhaineann le ceanglais maidir le díriú téamach, is iomchuí cead a thabhairt do na Ballstáit méideanna atá clársceideálaithe do thosaíochtaí straitéiseacha nua, lena n-áirítear méideanna lena rannchuidítear le cuspóirí an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip, a chur san áireamh leis na méideanna atá ag teastáil chun comhlíonadh na gceanglas maidir le díriú téamach a áirithiú. Ba cheart roinnt solúbthachta a bheith ag gabháil leis sin maidir le ríomh na ranníocaíochta aeráide le haghaidh CFRE agus an Chiste Comhtháthaithe mar a leagtar amach in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2021/1060, agus urraim á tabhairt an tráth céanna do cheanglais foriomlána an Airteagail sin. Ina theannta sin, chun dlús a chur le dícharbónú an tionscail, rud a bhfuil gá leis chun cuspóirí aeráide an Aontais a bhaint amach, ní mór

foráil a dhéanamh maidir leis an deis infheistíochtaí a mhaoiniú, trí CFRE, atá dírithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, mar aon le ó ghníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I de Threoir 2003/87/CE de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle[6] ar choinníoll gur bronnadh Séala Barr Feabhais orthu. Ar an gcaoi chéanna, a mhéid a bhaineann leis an gCiste um Aistriú Cóir, ba cheart na coinníollacha maidir leis na hinfheistíochtaí sin a mhaoiniú a shimpliú. Thairis sin, d'fhonn comhsheasmhacht tacaíochta a áirithiú idir maoiniú a dheonaítear faoi bhainistíocht dhíreach agus chomhroinnte, oibríochtaí a ndearnadh measúnú orthu cheana i gcomhthéacs clár a bhainistítear go díreach agus ar bronnadh 'Séala Ceannasachta' orthu mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2024/795 i nglao ar thograí faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/856 ón gCoimisiún, níor cheart dóibh a bheith faoi réir eisiamh breoslaí iontaise. Ba cheart an deis a thabhairt do na Ballstáit freisin acmhainní ó CFRE agus ón gCiste Comhtháthaithe a rannchuidiú le hurrann an Bhallstáit de Chiste InvestEU[7] d'fhonn iad a chur in úsáid trí ionstraim airgeadais InvestEU a leagtar amach in [Airteagal 10a de Rialachán (AE) 2021/523]. Ar deireadh, chun go bhféadfar ath-chlársceidealú cuimsitheach a dhéanamh i dtreo na dtosaíochtaí straitéiseacha nua i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma, ba cheart do na Ballstáit tairbhiú d'am breise chun an measúnú ar thionchar an athbhreithnithe meántéarma agus tíolacadh leasuithe gaolmhara ar chár a chomhlánú. Ba cheart feidhm a bheith aige sin freisin maidir le hacmhainní an Chiste um Aistriú Cóir i gcás ina bhfuil siad san áireamh i gclár in éineacht le hacmhainní EDRF nó an Chiste um Aistriú Cóir.

(14) D'fhonn dlús a chur le cur chun feidhme clár beartais comhtháthaithe go ginearálta agus an leachtacht is gá a instealladh chun príomhinfheistíochtaí a chur chun feidhme, ba cheart réamh-mhaoiniú breise aonuaire a íoc le haghaidh CFRE agus an Chiste Comhtháthaithe i gcás clár faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis agus faoi sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh ('*Interreg*'), nuair a bhaineann an t-ath-chlársceidealú le sciar mór den chlár foriomlán. Ba cheart an réamh-mhaoiniú a mhéadú a thuilleadh le haghaidh cláir áirithe faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis lena gcumhdaítear réigiún NUTS 2 amháin nó níos mó ar theorainn na Rúise, na Bealarúise agus na hÚcráine, i bhfianaise drochthionchar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine ar na réigiúin sin. D'fhonn athchlárú i treo príomhthosaíochtaí i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma a dhreasú, níor cheart an réamh-mhaoiniú breise a bheith ar fáil ach amháin i gcás go sroichtear tairseacha áirithe le haghaidh athdháileadh acmhainní airgeadais go tosaíochtaí ríthábhachtacha sonracha.

(15) Thairis sin, chun an t-am is gá a chur san áireamh chun infheistíochtaí a athdhíriú i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma agus chun an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní atá ar fáil, ba cheart na sprioc-amanna maidir le hincháilitheacht an chaiteachais mar aon le rialacha saortha a choigeartú le haghaidh cláir lena ndéantar acmhainní a athdháileadh go tosaíochtaí straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma. Ba cheart go bhféadfar ráta cómhaoinithe suas le 100 % a

---

6 Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/87/oj).

7 Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/523/oj).

chur i bhfeidhm maidir le tosaíochtaí i gcláir faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis lena gcumhdaítear réigiún NUTS 2 amháin nó níos mó ar theorainn na Rúise, na Bealarúise agus na hÚcráine, i bhfianaise drochthionchar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine ar na réigiúin sin.

(16) Ba cheart úsáid a bhaint as an athbhreithniú meántéarma freisin chun ról ríthábhachtach cathracha a dhaingniú maidir le cuspóirí an Aontais a bhaint amach tríd an deis a thabhairt do na Ballstáit acmhainní airgeadais a ath-leithdháileadh ó CFRE chun an Tionscnamh Uirbeach Eorpach dá dtagraítear in Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2021/1058 a dhaingniú. Ina theannta sin, d'fhonn glacadh príomhghníomhaíochtaí nuálacha a éascú arna sainmhínítear faoin Tionscnamh Uirbeach Eorpach, ba cheart do na gníomhaíochtaí sin sochara bhaint as nósanna imeachta roghnúcháin simplithe maidir le tacaíocht faoi chláir beartais comhtháthaithe. Ba cheart an deis a sholáthar do na Ballstáit freisin acmhainní CFRE a ath-leithdháileadh óna gcláir faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis chuig an Ionstraim um Infheistíocht Nuálaíochta Idir-Réigiúnach dá dtagraítear in Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2021/1058 chun solúbthacht maidir le húsáid acmhainní a fheabhsú.

(17) D'fhonn soláthar a éascú agus dlús a chur le hinfheistíochtaí, is iomchuí athruithe spriocdhírithe breise a dhéanamh ar an gcreat rialála lena rialaítear úsáid an Chiste um Aistriú Cóir. Go háirithe, ba cheart an deis nós imeachta roghnúcháin simplithe a bheith ag oibríochtaí ar tugadh Séala Barr Feabhais dóibh a leathnú don Chiste um Aistriú Cóir. Thairis sin, ba cheart na teorannacha d'athbhreithniú a dhéanamh ar spriocanna a bhaint d'fhonn foráil a dhéanamh maidir leis an solúbthacht is gá i gcomhthéacs imthosca chur chun feidhme ata ag athrú.

(18) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, is é sin le rá infheistíochtaí a athdhíriú ar thosaíochtaí ríthábhachtacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma agus seachadadh beartas a éascú agus dlús a chur leis trí Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a leasú, a ghnóthú go leordhóthanach astu féin agus gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(19) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1057 a leasú dá réir sin.

(20) I bhfianaise a phráinní atá sé infheistíochtaí ríthábhachtacha a éascú go háirithe i gcumas cosanta i gcomhthéacs dúshlán geopholaitiúil práinneach, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/1058 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) Leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) i bpointe (a), cuirtear isteach an pointe (vii) seo a leanas:

‘(vii) acmhainneachtaí tionsclaíocha a fheabhsú chun dé-úsáid chomh maith le cumais chosanta a chothú.’;

(ii) i bpointe (b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (v):

‘(v) rochtain shlán ar uisce, bainistiú inbhuanaithe uisce agus athléimneacht uisce a chur chun cinn;’;

(iii) cuirtear isteach na pointí (xi) agus (xii) seo a leanas:

‘(xi) rochtain ar thithíocht inacmhainne a chur chun cinn, agus athchóirithe gaolmhara;

(xii) idirnascairí agus bonneagar tarchuir gaolmhar a chur chun cinn, agus bonneagar athluchtaithe a chur in úsáid.’;

(iv) i bpointe (c), cuirtear isteach an pointe (iii) seo a leanas:

‘(iii) cosaint athléimneach nó bonneagar dé-úsáide a fhorbairt chun soghluaisteacht mhíleata a chothú san Aontas.’;

(v) i bpointe (d), cuirtear isteach an pointe (vii) seo a leanas:

‘(vii) rochtain ar thithíocht inacmhainne a chur chun cinn, agus athchóirithe gaolmhara.’;

(vi) i bpointe (e), an chéad fhomhír, cuirtear isteach an pointe (iii) seo a leanas:

‘(iii) forbairt chríochach chomhtháite a chothú, trí rochtain ar thithíocht inacmhainne, agus trí athchóirithe gaolmhara a fhorbairt i ngach cineál críche.’;

(vii) cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas i mír 1:

‘Oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht faoin gcuspóir sonrach a leagtar amach i bpointe (c)(iii), díreofar iad go príomha, i gcás inarb ábhartha, ar cheann amháin nó níos mó de cheithre Chonair Soghluaisteachta Míleata Tosaíochta an Aontais arna sainaithint ag na Ballstáit in Iarscríbhinn II a ghabhann leis na Ceanglais Mhíleata maidir leis an tSoghluaiseacht Mhíleata laistigh agus lasmuigh den Aontas a ghlac an Chomhairle an [18 Márta 2025 agus le tagairt ST 6728/25 ADD1]. Oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht agus atá ina gcuid de na Conairí sin, comhlíonfaidh siad na ceanglais maidir le bonneagar a leagtar síos i ngníomhartha cur chun feidhme bunaithe ar Airteagal 12(2) de Rialachán (AE) 2021/1153.’;

(b) i mír 1a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre agus an dara fomhír:

Na hacmhainní faoin gcuspóir sonrach dá dtagraítear i mír 1, pointí (a)(vi) agus (b)(ix), déanfar iad a chlársceidealú faoi thosaíochtaí tiomnaithe a chomhfhreagraíonn don chuspóir beartais faoi seach.

Íocfaidh an Coimisiún 30 % den leithdháileadh ar na tosaíochtaí sin mar a leagtar amach sa chinneadh lena bhformheastar an leasú ar chlár mar réamh-mhaoiniú eisceachtúil aonuaire de bhreis ar an réamh-mhaoiniú bliantúil le haghaidh an chláir dá bhforáiltear in Airteagal 90(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2021/1060 nó in Airteagal 51(2), (3) agus (4) de Rialachán (AE) 2021/1059 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*. Íocfar an réamh-mhaoiniú eisceachtúil sin ar choinníoll go gcuirtear an leasú ar chlár faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2025. Íocfar é laistigh de 60 lá tar éis ghlacadh an chinnidh ón gCoimisiún lena bhformheastar an leasú ar chlár.

———

* Rialachán (AE) 2021/1059 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le forálacha sonracha le haghaidh sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg) a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ionstraimí maoinithe sheachtraigh (IO L 231, 30.6.2021, lch. 94 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1059/oj).';

(c) cuirtear isteach an mhír 1c seo a leanas:

'1c. Na hacmhainní faoin gcuspóir sonrach dá dtagraítear i mír 1, pointí (a)(vii), (b)(v), (b)(xi), (b)(xii), (c)(iii), (d)(vii) agus (e)(iii), déanfar iad a chlársceidealú faoi thosaíochtaí tiomnaithe a chomhfhreagraíonn don chuspóir beartais faoi seach.

Íocfaidh an Coimisiún 30 % den leithdháileadh ar na tosaíochtaí sin mar a leagtar amach sa chinneadh lena bhformheastar an leasú ar chlár mar réamh-mhaoiniú eisceachtúil aonuaire de bhreis ar an réamh-mhaoiniú bliantúil le haghaidh an chláir dá bhforáiltear in Airteagal 90(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2021/1060. Íocfar an réamh-mhaoiniú eisceachtúil sin ar choinníoll go gcuirtear an leasú ar chlár faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2025. Íocfar é laistigh de 60 lá tar éis ghlacadh an chinnidh ón gCoimisiún lena bhformheastar an leasú ar chlár.

I gcomhréir le hAirteagal 90(5) de Rialachán (AE) 2021/1060, déanfar an méid a íoctar mar réamh-mhaoiniú eisceachtúil a imréiteach ó chuntais an Choimisiúin tráth nach déanaí ná an bhliain chuntasaíochta deiridh.

I gcomhréir le hAirteagal 90(6) de Rialachán (AE) 2021/1060, úsáidfear aon ús a ghintear leis an réamh-mhaoiniú eisceachtúil le haghaidh an chláir lena mbaineann ar an chaoi chéanna a úsáidtear CFRE agus áireofar é sna cuntais don bhliain chuntasaíochta deiridh.

I gcomhréir le hAirteagal 97(1) de Rialachán (AE) 2021/1060, ní chuirfear an réamh-mhaoiniú eisceachtúil ar fionraí.

I gcomhréir le hAirteagal 105(1) de Rialachán (AE) 2021/1060, áireofar an réamh-mhaoiniú eisceachtúil a íoctar sa réamh-mhaoiniú atá le cur san áireamh chun na méideanna atá le saoradh a ríomh.

De mhaolú ar Airteagal 112 de Rialachán (AE) 2021/1060, is é 100 % an t-uasráta cómhaoinithe le haghaidh tosaíochtaí tiomnaithe a leagadh síos chun tacú leis na cuspóirí sonracha dá dtagraítear i mír 1, pointí (a)(vii), (b)(v), (b)(xi), (b)(xii), (c)(iii), (d)(vii) agus (e)(iii) den Airteagal seo.';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'(3) Tabharfaidh an Ciste Comhtháthaithe tacaíocht do CB 2 agus 3, lena n-áirítear na cuspóirí sonracha a leagtar amach i mír 1, pointí (b)(x), (b)(xi), (b)(xii) agus (c)(iii) den Airteagal a mhéid atá an tacaíocht sin i gcomhréir le raon feidhme na tacaíochta a leagtar amach in Airteagail 6 agus 7.';

(e) i mír 4, an chéad fhomhír, cuirtear isteach an pointe (d) seo a leanas:

'(d) rannchuidiú le cur chun feidhme na n-athchóirithe.'.

(2) In Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10:

‘10. Na ceanglais maidir le díriú téamach a leagtar amach i mír 6 den Airteagal seo, comhlíonfar iad i rith na clárthréimhse ó thús go deireadh, lena n-áirítear an uair a aistreofar leithdháiltí CFRE idir tosaíochtaí cláir nó idir cláir agus tráth an athbhreithnithe meántéarma i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2021/1060. I gcás ina ndéanann Ballstát iarraidh ar leasú ar chlár i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (AE) 2021/1060, na méideanna atá cláraithe le haghaidh na gcuspóirí sonracha dá dtagraítear i mír 1, pointí (a)(vi) agus (b)(ix) den Airteagal seo, agus le haghaidh na gcuspóirí sonracha dá dtagraítear i mír 1, pointí (a)(vii), (b)(v), (b)(xi), (b)(xii), (c)(iii), (d)(vii) agus (e)(iii) den Airteagal sin, féadfar iad a áireamh sna méideanna is gá le haghaidh CB 1 nó CB 2 nó iad a roinnt idir an dá CB.’.

(3) Leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) Leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) Leasaítear an chéad fhomhír mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

‘(e) nuair a rannchuidíonn siad leis na cuspóirí sonracha faoi CB 1 a leagtar amach in Airteagal 3(1), pointí (a)(vi) agus (a)(vii) den Rialachán seo, nó leis an gcuspóir sonrach faoi CB 2 a leagtar amach in Airteagal 3(1), pointe (b)(ix) den Rialachán seo;’;

(2) cuirtear isteach an pointe (f) seo a leanas:

‘(f) nuair a rannchuidíonn siad le Tionscadal Tábhachtach ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne arna fhormheas ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 107(3), pointe (b) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus de bhun Theachtaireacht C(2021) 8481, agus béim ar FBManna á caomhnú;’;

(3) cuirtear isteach an pointe (g) seo a leanas:

‘(g) i gcás ina n-éascaíonn siad coigeartú tionsclaíoch atá nasctha le dícharbónú próiseas táirgthe agus táirgí.’;

(ii) scriostar an dara fomhír;

(b) cuirtear isteach na míreanna 10 agus 11 seo a leanas:

‘10. De bhreis ar an deiseanna a leagtar amach in Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2021/1060, féadfaidh na Ballstáit, le comhaontú ó na húdaráis bainistíochta lena mbaineann, acmhainní a leithdháileadh ó CFRE agus ón gCiste Comhtháthaithe ar urrann an Bhallstáit de Chiste InvestEU chun iad a chur in úsáid trí ionstraim airgeadais InvestEU atá le leagan amach in [Airteagal 10a de Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle]*. Beidh ranníocaíochtaí den sórt sin faoi réir na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2021/1060 agus déanfar iad a áireamh sna huasteorainneacha a leagtar amach san Airteagal sin. Acmhainní a ghintear leis na méideanna arna ranníoc le hionstraim airgeadais InvestEU, nó atá inchurtha i leith na méideanna sin i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2021/1060, cuirfear iad ar fáil do na Ballstáit i gcomhréir leis an gcomhaontú ranníocaíochta agus úsáidfear iad le haghaidh tacaíochta faoin gcuspóir céanna nó faoi na cuspóirí céanna i bhfoirm ionstraimí airgeadais nó ráthaíochtaí buiséadacha.

11. De bhreis ar na deiseanna a leagtar amach in Airteagal 73(4) de Rialachán (AE) 2021/1060, maidir le tionscadail atá ag glacadh páirt dhíreach i dTionscadal Tábhachtach ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne arna fhormheas ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 107(3), pointe (b) de CFAE agus de bhun Theachtaireacht C(2021) 8481, féadfaidh an t-údarás bainistíochta a chinneadh tacaíocht a dheonú go díreach ó CFRE, ar choinníoll go gcomhlíonann na hoibríochtaí sin na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 73, mír 2, pointí (a), (b) agus (g) de Rialachán (AE) 2021/1060.

______

* Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/523/oj).'.

(4) In Airteagal 7, leasaítear mír 1 mar a leanas:

(a) Leasaítear pointe (b) mar a leanas:

'(b) infheistíocht chun an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó ghníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE a bhaint amach, cé is moite díobh sin dá sannadh Séala Barr Feabhais mar a shainítear in Airteagal 2, pointe (45) de Rialachán (AE) 2021/1060;';

(b) i bpointe (h), cuirtear isteach an pointe (iv) seo a leanas:

'(iv) infheistíocht in oibríochtaí dá sanntar Séala Ceannasachta faoi Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2024/795 i nglaoch ar thograí faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/856 ón gCoimisiún.'.

(5) Cuirtear isteach an tAirteagal 7a seo a leanas:

*'Airteagal 7a*

**Forálacha sonracha atá nasctha leis an athbhreithniú meántéarma agus le solúbthachtaí gaolmhara**

1. In 2026, íocfaidh an Coimisiún 4.5 % den tacaíocht iomlán ó CFRE agus ón gCiste Comhtháthaithe mar a leagtar amach sa Chinneadh lena bhformheastar an leasú ar chlár mar réamh-mhaoiniú breise aonuaire. Méadófar céatadán an réamh-mhaoinithe aonuaire sin suas go 9.5 % le haghaidh cláir faoin sprioc 'Infheistíocht le haghaidh post agus fáis', lena gcumhdaítear réigiún NUTS2 amháin nó níos mó atá ar theorainn na Rúise, na Bealarúise nó na hÚcráine, ar choinníoll nach gcumhdaítear críoch iomlán an Bhallstáit leis an gclár. I gcás ina n-áirítear go heisiach réigiúin NUTS 2 de Bhallstát, atá ar theorainn na Rúise, na Bealarúise nó na hÚcráine, i gcláir lena gcumhdaítear críoch iomlán an Bhallstáit sin, beidh feidhm ag an réamh-mhaoiniú méadaithe a leagtar amach sa mhír seo maidir leis na cláir sin.

Ní bheidh feidhm ag an réamh-mhaoiniú breise dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo ach amháin i gcás inar formheasadh ath-leithdháiltí 15 % ar a laghad d'acmhainní airgeadais an chláir ar thosaíocht thiomnaithe amháin nó níos mó a leagadh síos le haghaidh na gcuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointí (a)(vi), (a)(vii), (b)(v), (b)(ix), (b)(xi), (b)(xii), (c)(iii), (d)(vii) agus (e)(iii) den Rialachán seo i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma, ar choinníoll go gcuirtear an leasú ar chlár isteach faoin 31 Nollaig 2025.

An réamh-mhaoiniú, atá dlite don Bhallstát, a eascraíonn as leasuithe ar chlár de bhun ath-leithdháileadh ar na tosaíochtaí dá dtagraítear sa dara fomhír, déanfar é a áireamh mar íocaíochtaí a rinneadh in 2025 chun na méideanna atá le saoradh i gcomhréir le hAirteagal 105 de Rialachán (AE) 2021/1060 a ríomh, ar choinníoll gur cuireadh isteach an iarraidh ar leasú ar chlár in 2025.

2. De mhaolú ar Airteagal 63(2) agus Airteagal 105(2) de Rialachán (AE) 2021/1060, is é an 31 Nollaig 2030 an spriocdháta le haghaidh incháilitheacht caiteachais, aisíoc costas agus le haghaidh saortha freisin. Ní bheidh feidhm ag an maolú sin ach amháin i gcás inar formheasadh leasuithe ar chlár lena ndéantar 15 % ar a laghad d'acmhainní airgeadais an chláir a ath-leithdháileadh ar thosaíocht thiomnaithe amháin nó níos mó a bhunaítear le haghaidh na gcuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointí (a)(vi), (a)(vii), (b)(v), (b)(ix), (b)(xi), (b)(xii), (c)(iii), (d)(vii) agus (e)(iii), den Rialachán seo i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma.

3. I gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (AE) 2021/1060, féadfaidh na Ballstáit, in iarrataí ar leasuithe ar chlár, a iarraidh go ndéanfar acmhainní CFRE atá clársceidealaithe faoin sprioc 'Infheistíocht le haghaidh post agus fáis' a ath-leithdháileadh ar an Tionscnamh Uirbeach Eorpach agus ar na hIonstraimí um Infheistíochtaí Nuálaíochta Idir-Réigiúnacha dá dtagraítear in Airteagail 12 agus 13 den Rialachán seo faoi seach. Cuirfear acmhainní ath-leithdháilte chun feidhme ar mhaithe leis an mBallstát lena mbaineann. Ní bheidh na hath-leithdháiltí sin ina n-aistrithe de réir bhrí Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2021/1060.

4. De mhaolú ar Airteagal 112 de Rialachán (AE) 2021/1060, is é 100 % an t-uasráta cómhaoinithe le haghaidh tosaíochtaí i gcláir faoin sprioc 'Infheistíocht le haghaidh post agus fáis' lena gcumhdaítear réigiún NUTS2 amháin nó níos mó atá ar theorainn na Rúise, na Bealarúise nó na hÚcráine. Ní bheidh feidhm ag an ráta cómhaoinithe níos airde maidir le cláir lena gcumhdaítear críoch iomlán an Bhallstáit lena mbaineann mura n-áirítear na réigiúin sin ach i gcláir lena gcumhdaítear críoch iomlán an Bhallstáit sin. Ní bheidh feidhm ag an maolú ach amháin i gcás inar formheasadh ath-leithdháiltí 15 % ar a laghad d'acmhainní airgeadais an chláir ar thosaíocht thiomnaithe amháin nó níos mó a leagadh síos le haghaidh na gcuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointí (a)(vi), (a)(vii), (b)(v), (b)(ix), (b)(xi), (b)(xii), (c)(iii), (d)(vii) agus (e)(iii) den Rialachán seo i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma, ar choinníoll go gcuirtear an leasú ar chlár isteach faoin 31 Nollaig 2025.

5. De bhreis ar an measúnú le haghaidh gach cláir ar thoradh an athbhreithnithe meántéarma atá le cur isteach i gcomhréir le hAirteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/1060, féadfaidh na Ballstáit measúnú comhlántach a chur isteach arís chomh maith le hiarrataí gaolmhara ar leasuithe ar chlár, agus na cuspóirí sonracha a thugtar isteach le Rialachán (AE) XXXX/XXXX [an Rialachán seo] á gcur san áireamh, laistigh de 2 mhí tar éis Rialachán (AE) XXXX/XXXX [an Rialachán seo] a theacht i bhfeidhm. Beidh feidhm ag na spriocdhátaí a leagtar amach in Airteagal 18(3) de Rialachán (AE) 2021/1060.

6. I gcás ina sáraíonn an rannchuidiú aeráide dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2021/1060 maidir leis an gCiste Comhtháthaithe an sprioc, is é sin 37 % dá leithdháileadh iomlán, féadfar an méid atá os cionn na sprice sin a chur san áireamh, agus rannchuidiú aeráide CFRE á ríomh, chun a sprioc a bhaint amach, is é sin 30 % dá leithdháileadh féin iomlán. Na méideanna atá os cionn sprioc

rannchuidithe aeráide CFRE, is é sin 30 % dá leithdháileadh iomlán, féadfar iad a chur san áireamh agus rannchuidiú aeráide an Chiste Chomhtháthaithe á ríomh.’.

(6) In Airteagal 12, cuirtear isteach an mhír 4 seo a leanas:

‘4. Féadfaidh an Coimisiún Séala Barr Feabhais a shannadh do ghníomhaíochtaí nuálacha a ndearnadh measúnú orthu i nglao ar thograí faoin Tionscnamh Uirbeach Eorpach agus a chomhlíonann íoscheanglais cháilíochta an ghlao sin agus nach féidir a mhaoiniú faoin nglao ar thograí sin de dheasca srianta buiséadacha.

Chun críoch an tSéala Barr Feabhais, meastar gur foinse eile de chuid an Aontais é an Tionscnamh Uirbeach Eorpach atá éagsúil leis na cláir a chuirtear chun feidhme agus a ullmhaítear i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2021/1060.’.

(7) In Iarscríbhinn I, leasaítear Tábla 1 mar a leanas:

(a) i gcuspóir beartais 1, cuirtear isteach an ró seo a leanas:

| | | | |
|---|---|---|---|
| | ‘(vii) acmhainneachtaí tionsclaíocha a fheabhsú chun dé-úsáid chomh maith le cumais chosanta a chothú | Aon RCO a liostaítear le haghaidh chuspóirí sonracha (i), (iii)<br>RCO128 Fiontair a fhaigheann tacaíocht atá nasctha go príomha chun dé-úsáid agus cumais chosanta a chothú (RearmEU) - fiontair | Aon RCR a liostaítear le haghaidh chuspóirí sonracha (i), (iii)’ |

(b) i gcuspóir beartais 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chuspóir sonrach (v):

| | | | |
|---|---|---|---|
| | ‘(v) Rochtain shlán ar uisce, bainistiú inbhuanaithe uisce agus athléimneacht uisce a chur chun cinn | RCO30 Fad píopaí nua nó uasghrádaithe le haghaidh córais dáileacháin an tsoláthair uisce phoiblí - km<br>RCO31 Fad píopaí nua nó uasghrádaithe le haghaidh an líonra phoiblí le haghaidh fuíolluisce a bhailiú - km<br>RCO32 | RCR41 Daonra nasctha le soláthar uisce poiblí feabhsaithe - daoine<br>RCR42 Daonra nasctha le cóireáil fuíolluisce phoiblí atá tánaisteach ar a laghad - daoine<br>RCR43 Caillteanais uisce i gcórais dáileacháin an tsoláthair uisce phoiblí - méadair chiúbacha in |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Acmhainneacht nua nó uasghrádaithe le haghaidh fuíolluisce a chóireáil - coibhéis daonra | aghaidh na bliana’ |

(c) i gcuspóir beartais 2, cuirtear isteach na rónna seo a leanas:

| | | | |
|---|---|---|---|
| | ‘(xi) rochtain ar thithíocht inacmhainne a chur chun cinn, agus athchóirithe gaolmhara | RCO18 Teaghaisí inacmhainne ina bhfuil feidhmíocht fuinnimh fheabhsaithe – teaghaisí<br>RCO65 An Líon daoine i dtithíocht inacmhainne nua nó nuachóirithe agus i dtithíocht shóisialta nua nó nuachóirithe dá dtugtar tacaíocht - daoine<br>RCO130 Athchóirithe a bhaineann le tithíocht inacmhainne agus tithíocht shóisialta - líon | RCR26 Ídiú fuinnimh phríomhúil bhliantúil (as sin: teaghaisí inacmhainne, foirgnimh phoiblí, fiontair, eile) - MWh in aghaidh na bliana<br>RCR29 Astaíochtaí gás ceaptha teasa measta - tonaí de choibhéis $CO_2$ in aghaidh na bliana<br>RCR67 Úsáideoirí bliantúla tithíochta inacmhainne nua nó nuachóirithe agus úsáideoirí bliantúla tithíochta sóisialta nua nó nuachóirithe - úsáideoirí in aghaidh na bliana |
| | (xii) idirnascairí agus bonneagar tarchuir gaolmhar a chur chun cinn, agus bonneagar athluchtaithe a chur in úsáid | RCO 59 - Bonneagar breoslaí malartacha (pointí athbhreoslaithe/ athluchtaithe)<br>RCO 131 Línte líonraí tarchuir fuinnimh agus idirnascairí - nuathógtha nó feabhsaithe’ | |

(d) i gcuspóir beartais 3, cuirtear isteach an ró seo a leanas:

| | | | |
|---|---|---|---|
| | '(iii) cosaint athléimneach nó bonneagar dé-úsáide a fhorbairt chun soghluaisteacht mhíleata a chothú don Aontas | Aon RCO a liostaítear le haghaidh chuspóirí sonracha (i), (ii) RCO129 Bonneagar atá curtha in oiriúint do cheanglais soghluaisteachta míleata, | Aon RCR a liostaítear le haghaidh chuspóirí sonracha (i), (ii) |

(e) i gcuspóir beartais 4, cuirtear isteach an ró seo a leanas:

| | | | |
|---|---|---|---|
| | '(vii) rochtain ar thithíocht inacmhainne a chur chun cinn, agus athchóirithe gaolmhara | RCO18 Teaghaisí ina bhfuil feidhmíocht fuinnimh fheabhsaithe – teaghaisí RCO65 An Líon daoine i dtithíocht shóisialta nua nó nuachóirithe agus i dtithíocht inacmhainne nua nó nuachóirithe dá dtugtar tacaíocht - daoine RCO130 Athchóirithe a bhaineann le tithíocht inacmhainne agus tithíocht shóisialta - líon | RCR26 Ídiú fuinnimh phríomhúil bhliantúil (as sin: teaghaisí, foirgnimh phoiblí, fiontair, eile) - MWh in aghaidh na bliana RCR29 Astaíochtaí gás ceaptha teasa measta - tonaí de choibhéis $CO_2$ in aghaidh na bliana RCR67 Úsáideoirí bliantúla tithíochta inacmhainne nua nó nuachóirithe agus úsáideoirí bliantúla tithíochta sóisialta nua nó nuachóirithe - úsáideoirí in aghaidh na bliana' |

(f) i gcuspóir beartais 5, cuirtear isteach an ró seo a leanas:

| | | | |
|---|---|---|---|
| | (iii) forbairt chríochach | RCO18 Teaghaisí ina | RCR26 Ídiú fuinnimh |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | chomhtháite a chothú, trí rochtain ar thithíocht inacmhainne, agus trí athchóirithe gaolmhara a fhorbairt i ngach cineál críche | bhfuil feidhmíocht fuinnimh fheabhsaithe – teaghaisí RCO65 An Líon daoine i dtithíocht inacmhainne nua nó nuachóirithe agus i dtithíocht shóisialta nua nó nuachóirithe dá dtugtar tacaíocht - daoine RCO130 Athchóirithe a bhaineann le tithíocht inacmhainne agus tithíocht shóisialta - líon | phríomhúil bhliantúil (as sin: teaghaisí, foirgnimh phoiblí, fiontair, eile) - MWh in aghaidh na bliana RCR29 Astaíochtaí gás ceaptha teasa measta - tonaí de choibhéis $CO_2$ in aghaidh na bliana RCR67 Úsáideoirí bliantúla tithíochta inacmhainne nua nó nuachóirithe agus úsáideoirí bliantúla tithíochta sóisialta nua nó nuachóirithe - úsáideoirí in aghaidh na bliana’ |

*Airteagal 2*

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/1056 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 8(2) mar a leanas:

(a) sa chéad fhomhír, cuirtear isteach an pointe (p) seo a leanas:

‘(p) rochtain ar thithíocht inacmhainne a chur chun cinn, agus athchóirithe gaolmhara.;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ceathrú fomhír:

‘Le CUAC, féadfar tacú freisin le hinfheistíochtaí táirgiúla i bhfiontair nach FBManna iad, agus béim á caomhnú ar FBManna, gan beann ar cibé acu a rinneadh nó nach ndearnadh an anailís ar bhearnaí i gcomhréir le hAirteagal 11(2), pointe (h) den Rialachán seo agus gan beann ar thoradh na hanailíse sin. Ní bheidh infheistíochtaí den sórt sin incháilithe ach amháin i gcás nach mbeidh athlonnú mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (27) de Rialachán (AE) 2021/1060 mar thoradh orthu. Le soláthar tacaíochta den sórt sin, ní bheidh gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar an bplean críochach um aistriú cóir i gcás ina mbeadh an t-athbhreithniú sin nasctha go heisiach leis an anailís ar bhearnaí. Déanfar printíseachtaí agus poist, oideachas nó oiliúint do scileanna nua a mheas sa phróiseas roghnúcháin.’;

(c) cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

‘Maidir le hoibríochtaí dá sanntar Séala Barr Feabhais mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (45), de Rialachán (AE) 2021/1060 agus maidir le tionscadail atá ag glacadh páirt dhíreach i dTionscadal Tábhachtach ar mhaithe

le Leas na hEorpa i gCoitinne arna fhormheas ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 107(3), pointe (b) de CFAE agus de bhun Theachtaireacht C(2021) 848, féadfaidh an t-údarás bainistíochta a chinneadh tacaíocht a dheonú go díreach ó CUAC, ar choinníoll go rannchuidíonn na hoibríochtaí sin leis an gcuspóir sonrach mar a leagtar amach in Airteagal 2 den Rialachán seo agus go rannchuidíonn siad le cur chun feidhme na bpleananna críochacha um aistriú cóir.'.

(2) In Airteagal 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

'(d) infheistíocht a bhaineann le táirgeadh, próiseáil, iompar, dáileadh, stóráil nó dóchán breoslaí iontaise, cé is moite d'infheistíocht in oibríochtaí dá sanntar Séala Ceannasachta faoi Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2024/795 i nglao ar thograí faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/856 ón gCoimisiún.'.

(3) In Airteagal 10, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'4. I gcás ina ndéantar acmhainní CUAC a chlársceidealú mar thosaíochtaí laistigh de chlár ina bhfuil acmhainní CFRE nó acmhainní an Chiste Chomhtháthaithe freisin, de bhreis ar an measúnú le haghaidh gach cláir ar thoradh an athbhreithnithe meántéarma atá le cur isteach i gcomhréir le hAirteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/1060, féadfaidh na Ballstáit measúnú comhlántach a chur isteach arís chomh maith le hiarrataí gaolmhara ar leasuithe ar chlár, agus na cuspóirí sonracha a thugtar isteach le Rialachán (AE) XXXX/XXXX [an Rialachán seo] á gcur san áireamh, laistigh de 2 mhí tar éis Rialachán (AE) XXXX/XXXX [an Rialachán seo] a theacht i bhfeidhm. Beidh feidhm ag na spriocdhátaí a leagtar amach in Airteagal 18(3) de Rialachán (AE) 2021/1060.

I gcás ina mbaineann clár den sórt sin tairbhe as spriocdháta sínte le haghaidh incháilitheacht caiteachais, aisíoc costas agus le haghaidh saortha freisin i gcomhréir le hAirteagal 7a de Rialachán (AE) 2021/1058, beidh feidhm ag an síneadh sin maidir le hacmhainní CUAC freisin.'.

(4) In Airteagal 11(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

'(i) i gcás ina bhfuil tacaíocht le soláthar d'infheistíochtaí chun laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó ghníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE, liosta de na hoibríochtaí a bhfuil tacaíocht le tabhairt dóibh agus cuí-réasúnú go rannchuideodh siad leis an aistriú i dtreo geilleagar aeráidneodrach agus go mbeadh laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a rachadh i bhfad faoi na tagarmharcanna ábhartha a bhunaítear don saor-leithdháileadh faoi Threoir 2003/87/CE mar thoradh orthu agus ar choinníoll go bhfuil gá leis na hoibríochtaí chun líon mór post a chosaint;'.

(5) In Airteagal 12(2), scriostar an tríú habairt.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**RÁITEAS AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH REACHTACH**


1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH ..... 3

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh ..... 3

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann ..... 3

1.3. Cuspóirí ..... 3

1.3.1. Cuspóirí ginearálta ..... 3

1.3.2. Cuspóirí sonracha ..... 3

1.3.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo ..... 3

1.3.4. Táscairí feidhmíochta ..... 3

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le: ..... 4

1.5. Forais an togra/tionscnaimh ..... 4

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh ..... 4

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin. ..... 4

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart ..... 4

1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile ..... 5

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh ..... 5

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige ..... 6

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme ..... 6

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA ..... 8

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe ..... 8

2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe ..... 8

2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe ..... 8

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú ..... 8

2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár) ..... 8

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc ..... 9
3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH ..... 10
3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar ..... 10
3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe ..... 12
3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí ..... 12
3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar ..... 12
3.2.1.2. Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha ..... 17
3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí ..... 22
3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin ..... 24
3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar ..... 24
3.2.3.2. Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha ..... 24
3.2.3.3. Iomlán na leithreasuithe ..... 24
3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach ..... 25
3.2.4.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar ..... 25
3.2.4.2. Nithe arna maoiniú ó ioncaim shannta sheachtracha ..... 26
3.2.4.3. Iomlán na n-acmhainní daonna a bheidh riachtanach ..... 26
3.2.5. Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha ..... 28
3.2.6. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha ..... 28
3.2.7. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe ..... 28
3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam ..... 29
4. GNÉITHE DIGITEACHA ..... 29
4.1. Ceanglais maidir le hábharthacht dhigiteach ..... 30
4.2. Sonraí ..... 30
4.3. Réitigh Dhigiteacha ..... 31
4.4. Measúnú idir-inoibritheacha ..... 31
4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach ..... 32

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán 2021/1806 agus Rialachán 2021/1058 [...]

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Beartas comhtháthaithe: Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), an Ciste Comhtháthaithe agus an Ciste um Aistriú Cóir (CUAC)

### 1.3. Cuspóirí

*1.3.1. Cuspóirí ginearálta*

Le cistí an bheartais comhtháthaithe agus CUAC, cuireann siad maoiniú ar fáil chun tacú le forbairt chomhchuí an Aontais, trí ghníomhaíochtaí as a n-eascraíonn a chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach.

Chun tacú leis an gcuspóir uileghabhálach sin, rannchuidíonn na Cistí freisin le príomhchuspóirí beartais a chur chun cinn, lena n-áirítear iomaíochas foriomlán agus uathriail straitéiseach an Aontais a neartú, agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus ar dheiseanna a bhaineann leis an aistriú glas, leis an aistriú digiteach agus leis an aistriú sóisialta.

*1.3.2. Cuspóirí sonracha*

Cuspóir Sonrach Uimh. 1

Dlús a chur le cur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe 2021-2027 trí fheabhas a chur ar an tsolúbthacht agus trí réimsí simplithe a sholáthar le haghaidh úsáid chistí an bheartais comhtháthaithe.

Cuspóir Sonrach Uimh. 2

Tacaíocht a sholáthar ó chistí an bheartais comhtháthaithe faoi chláir 2021-2027 d’infheistíochtaí a bhaineann le cosaint mar fhreagairt ghearrthéarmach ar imeachtaí geopholaitiúla a tharla le déanaí trí dheiseanna breise a chur ar fáil do na Ballstáit chun infheistíocht in earnáil na cosanta a mhéadú agus chun acmhainneachtaí táirgeachta agus bonneagar dé-úsáide athléimneach a fheabhsú.

Béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim tithíochta trí dhreasachtaí a chruthú i gcreat rialála 2021-2027 chun infheistíocht a dhéanamh i dtithíocht inacmhainne.

Béim a leagan ar an tábhacht straitéiseach a bhaineann le rochtain shlán ar uisce agus bainistiú inbhuanaithe athléimneach uisce trí dhreasachtaí a chruthú i gcreat rialála 2021-2027 le haghaidh infheistíocht i dtionscadail ábhartha.

Aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chríochacha shonracha na Réigiún atá ar theorainn na hÚcráine, na Rúise agus na Bealarúise.

*1.3.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Cuspóir Sonrach Uimh. 1

| |
|---|
| An úsáid is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní a leithdháiltear ar CFRE agus ar an gCiste Comhtháthaithe faoi CAI 2021-2027, agus as na hacmhainní a leithdháiltear ar an gCiste um Aistriú Cóir faoi CAI 2021-2027 agus NGEU le haghaidh na gcuspóirí beartais a leagtar amach sna rialacháin. |

| |
|---|
| Cuspóir Sonrach Uimh. 2 |
| Acmhainneacht táirgeachta mhéadaithe fiontar in earnáil na cosanta agus bonneagar soghluaisteachta criticiúla a oiriúnú do dhúshláin chosanta atá ag teacht chun cinn a bhaineann le bonneagar soghluaisteachta criticiúla. |
| Tacaíocht mhéadaithe chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shonracha na réigiún atá ar theorainn na Rúise, na Bealarúise agus na hÚcráine. |
| Glacadh le hinfheistíochtaí a thacaíonn le hiomaíochas an Aontais. |
| Glacadh le hinfheistíochtaí i dtionscadail tógála agus athchóirithe i dtithíocht inacmhainne. |
| Glacadh le hinfheistíochtaí i dtionscadail lena méadaítear athléimneacht uisce an Aontais agus lena bhfeabhsaítear bainistiú inbhuanaithe uisce. |

### 1.3.4. *Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

| |
|---|
| Cuspóir Sonrach Uimh. 1 |
| Sonraí airgeadais maidir leis na méideanna a bhaineann le hoibríochtaí arna roghnú agus arna gcur chun feidhme ag na Ballstáit agus maidir le heisíocaíochtaí a rinneadh ó bhuiséad an Aontais leis na Ballstáit. |

| |
|---|
| Cuspóir Sonrach Uimh. 2 |
| Comhtháscaire Aschuir 128 – Líon na bhfiontar dá dtugtar tacaíocht atá nasctha go príomha le cumais chosanta a chothú (RearmEU) - líon na bhfiontar |
| Comhtháscaire Aschuir 129 - Droichid bóthair agus iarnróid arna dtógáil nó arna n-uasghrádú le haghaidh uimhir dé-úsáide |
| Comhtháscaire Aschuir 65 - Acmhainneacht tithíochta sóisialta nua nó nuachóirithe — líon na ndaoine |
| Comhtháscaire toraidh 43 - Caillteanais uisce i gcórais dáileacháin le haghaidh soláthar uisce poiblí - méadair chiúbacha in aghaidh na bliana |

## 1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:

☐ beart nua

☑ beart nua a leanann treoirthionscadal / réamhbheart[8]

☐ síneadh ar bheart atá ann cheana

[8] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

**1.5. Forais an togra/tionscnaimh**

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Leis na himeachtaí eacnamaíocha agus geopholaitiúla a tharla le déanaí, tugadh tús áite do thosaíochtaí tábhachtacha a bhfuil infheistíochtaí substaintiúla ag teastáil ina leith. Leis an mbeartas comhtháthaithe, soláthraítear creat láidir le haghaidh infheistíochtaí den sórt sin, agus is féidir na hinfheistíochtaí sonracha laistigh de raon feidhme an leasaithe seo a dhéanamh cheana féin den chuid is mó faoin gcreat dlíthiúil reatha lena rialaítear na Cistí. Dá bhrí sin, tá siad i gcomhréir cheana féin leis an gcuspóir foriomlán comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a neartú. Mar sin féin, ní mór luas agus méid na n-infheistíochtaí a mhéadú. Is deis ríthábhachtach é an t-athbhreithniú meántéarma leanúnach ar chláir an bheartais comhtháthaithe 2021-2027 chun measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir leis na cláir sin cuidiú leis na cuspóirí beartais a bhaint amach. Dá bhrí sin, cruthaíonn an leasú reatha dreasachtaí agus solúbthachtaí chun go mbeidh na Ballstáit in ann díriú níos mó, trí acmhainní ó CAI a úsáid, ar na tosaíochtaí sin laistigh de thréimhse ama réasúnta gearr.

*1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.*

Méid foriomlán:

Tá an leasú ceaptha chun ligean do na Ballstáit an cistiú riachtanach ón mbeartas comhtháthaithe a dhíriú ar infheistíochtaí i réimsí beartais a sainaithníodh mar thosaíochtaí, agus chun comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais a choinneáil ar bun agus a neartú.

Cuspóir Sonrach 1:

Tá cistiú an bheartais comhtháthaithe ríthábhachtach don chobhsaíocht eacnamaíoch, don chothroime agus don chomhtháthú san Aontas. Tá príomhról aige maidir le héagothromaíochtaí réigiúnacha a laghdú agus forbairt chothrom a áirithiú ar fud na mBallstát uile. Áirithítear leis go mbeidh na hacmhainní ag gach réigiún chun fás, nuáil agus oiriúnú do dhúshláin a bheidh ann amach anseo agus dlúthpháirtíocht ar fud an Aontais á cur chun cinn san am céanna. Tá sé ríthábhachtach sreabhadh na gcistí chuig na Ballstáit ó bhuiséad an Aontais a choinneáil ar bun agus dlús a chur leis chun an leibhéal riachtanach cistiúcháin phoiblí sna Ballstáit a áirithiú agus chun na cuspóirí comhtháthaithe a chumhdaítear sa Chonradh a bhaint amach.

Cuspóir sonrach 2

Cosaint: Leagadh amach cheana féin i nDearbhú Versailles ó mhí an Mhárta 2022, chomh maith le teachtaireachtaí JOIN(2022) 24 agus COM(2022) 60, gur gá don Aontas dlús a chur lena ullmhacht, lena chumas agus lena athléimneacht féin chun a shaoránaigh a chosaint ar bhealach níos fearr. Ó tharla go bhfuil an comhthéacs geopholaitiúil ag athrú go tapa le míonna anuas, cuireadh i dtábhacht an gá atá le

dlús a chur leis na hiarrachtaí. Cuirtear i bhfios go láidir sna conclúidí ón gComhairle Eorpach an 6 Márta 2025 'nach mór don Eoraip a bheith níos ceannasaí, níos freagraí as a cosaint féin agus cumas níos fearr aici gníomhú agus dul i ngleic go neamhspleách le dúshláin agus bagairtí láithreacha agus amach anseo le cur chuige 360°'. Chuige sin, cuirfidh an tAontas dlús le slógadh na n-ionstraimí agus an mhaoinithe is gá. Tá iarrtha ag an gComhairle Eorpach 'ar an gCoimisiún a mholadh go gcuirfí foinsí breise cistiúcháin ar fáil don chosaint ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear trí fhéidearthachtaí agus dreasachtaí breise a thabhairt do na Ballstáit uile, ar bhonn phrionsabail na hoibiachtúlachta, an neamh-idirdhealaithe agus na córa comhionainne i leith na mBallstát, maidir le húsáid na leithdháiltí a fhaigheann siad faoi láthair faoi chláir ábhartha chistiúcháin an Aontais, agus tograí ábhartha a thíolacadh go pras'.

Iomaíochas: Is é compás atá ag an Aontais le blianta beaga anuas iomaíochas agus athléimneacht an gheilleagair Eorpaigh a neartú tríd an gclaochlú glas agus tríd an gclaochlú digiteach. Le Rialachán STEP, tugadh isteach cheana féin deiseanna breise chun tacú le teicneolaíochtaí straitéiseacha agus le hearnálacha criticiúla, trí chistí an bheartais comhtháthaithe a úsáid. Tugann an togra spreagadh breise chun úsáid a bhaint as scála an Aontais chun infheistíocht a dhéanamh i réimsí a bheidh tábhachtach d'iomaíochas an Aontais amach anseo.

Tithíocht inacmhainne. Chuir an ghéarchéim costais mhaireachtála a bhí ann le déanaí leis an bhfadhb atá ann le fada maidir le hinacmhainneacht tithíochta san Aontas. Is féidir an treocht ghinearálta a thabhairt faoi deara i ngach Ballstát agus aithnítear sna treoirlínte polaitiúla go bhfuil sé sin ag cur brú ar an gcomhtháthú. Chuige sin, tá tascfhórsa curtha ar bun laistigh den Choimisiún agus tá Coiste Speisialta um Thithíocht curtha ar bun ag Parlaimint na hEorpa. In oirchill chuspóir ginearálta an Phlean Eorpaigh um Thithíocht Inacmhainne, agus i gcomhréir leis, tugtar deis leis an athbhreithniú meántéarma ar chláir an bheartais comhtháthaithe béim a leagan ar a thábhachtaí atá athléimneacht uisce agus dreasachtaí a chruthú lena gcuirfí ar chumas na mBallstát codanna dá leithdháiltí beartais comhtháthaithe a dhíriú ar bhearta a thacaíonn le tithíocht inacmhainne.

Idirnascairí fuinnimh agus bonneagar tarchurtha gaolmhar, agus bonneagar athluchtaithe: Tá sé ríthábhachtach don Aontas feabhas a chur ar shlándáil agus comhtháthú fuinnimh, spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus neamhspleáchas fuinnimh a neartú chun tacú le córas fuinnimh inbhuanaithe athléimneach. Leis an mbeartas comhtháthaithe, déantar infheistíocht cheana féin i bhforbairt córas fuinnimh cliste agus i gcur chun feidhme bonneagair luchtaithe a thacaíonn le soghluaisteacht leictreach.

Chun dlús a chur le hiarrachtaí infheistíochta sa réimse sin agus chun comhtháthú fuinnimh trasteorann níos fearr a bhaint amach, tá sé tábhachtach, áfach, dreasachtaí sonracha a sholáthar chun idirnascairí fuinnimh agus bonneagar tarchurtha gaolmhar a chur chun cinn, agus chun bonneagar luchtaithe a thacaíonn le soghluaisteacht leictreach a imscaradh.

Rochtain ar uisce agus bainistiú uisce: D'ainneoin chreat dlíthiúil cuimsitheach an Aontais chun acmhainní uisce a chosaint agus a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe, tá díghrádú agus truailliú leanúnach na hacmhainne sin agus na n-éiceachóras a bhaineann le huisce ag tarlú, lena n-áirítear sna héiceachórais chósta agus mhuirí, mar thoradh ar mhíbhainistiú struchtúrach uisce. Le 5 bliana anuas, tá níos mó agus níos mó limistéar san Aontas buailte ag tuilte, triomaigh fhada agus ganntanas uisce,

cás atá ag dul in olcas mar gheall ar an athrú aeráide, ar thruailliú agus ar an gcailliúint bithéagsúlachta. Cineál trasteorann na ndúshlán uisce, a gcineál trasearnálach agus a n-ábharthacht maidir le beartais agus reachtaíocht an Aontais a chur i gcrích i réimsí éagsúla, cuireann na nithe sin bonn soiléir ar fáil don straitéis Eorpach maidir le hathléimneacht i réimse an uisce. In oirchill na straitéise, tugann an t-athbhreithniú meántéarma ar chláir an bheartais comhtháthaithe deis chun an maoiniú is gá a dhíriú ar thionscadail a théann i ngleic le slándáil rochtana, bainistiú inbhuanaithe uisce agus athléimneacht uisce.

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Mar thoradh ar leasuithe a rinneadh le déanaí ar Rialacháin 2014-2020 agus 2021-2027 i gcomhthéacs ghéarchéim COVID-19, ionsaí míleata na Rúise san Úcráin, na géarchéime fuinnimh, agus iomaíochais (STEP), tharla glacadh tábhachtach cistí chun tacú le hinfheistíochtaí ábhartha.

*1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Ní athraíonn an leasú leithdháiltí an bheartais comhtháthaithe atá ann cheana agus é beartaithe go gcuideoidh sé le dlús a chur le hinfheistíochtaí na gCistí ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach.

*1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Ní athraíonn an leasú struchtúr lárnach chreat rialála an bheartais comhtháthaithe atá ann cheana, ná ní athraíonn sé leithdháiltí seasta na mBallstát. Tá sé beartaithe béim a leagan ar bhearta tacaíochta is féidir a dhéanamh cheana féin laistigh de raon feidhme na gcistí agus iad a dhreasú freisin, cistí atá comhlántach maidir le hinfheistíochtaí trí roghanna maoiniúcháin eile ar leibhéal an Aontais nó ar leibhéal na mBallstát.

**1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige**

☑ **tréimhse theoranta**

– ☑ tionchar airgeadais ó 2026 go 2029 maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí. Ní imreofar aon tionchar ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas.

**1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme[9]**

☑ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Tá na rialacha faireacháin agus tuairiscithe a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/1060 fós infheidhme go hiomlán:

Coiste faireacháin an chláir: uair sa bhliain ar a laghad

Athbhreithniú bliantúil ar fheidhmíocht idir an Ballstát agus an Coimisiún

Tarchur sonraí in aghaidh an chláir: Cúig huaire sa bhliain

Tuarascáil bhliantúil ar rialú (iniúchadh).

Ní mór tuarascáil deiridh ar fheidhmíocht le haghaidh gach cláir a chur isteach faoin 15 Feabhra 2031.

### 2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

| |
|---|
| Leis an togra le haghaidh leasaithe, ní athraítear modh chur chun feidhme an bhuiséid faoi bhainistíocht chomhroinnte atá ann cheana, ná ní athraítear na sásraí cur chun feidhme, na módúlachtaí íocaíochta ná na straitéisí rialaithe a shainítear i Rialachán (AE) 2021/1060. |

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

| |
|---|
| Níor sainaithníodh aon riosca sonrach ag an gcéim seo. Ní athraíonn an togra le haghaidh leasaithe bainistiú riosca agus leagan amach rialaithe na gclár beartais comhtháthaithe ó thaobh struchtúir de, rud a mheastar a bheith iomchuí le haghaidh na n-infheistíochtaí atá beartaithe. |

[9] Tá mionsonraí maidir le modhanna trína gcuirfear an buiséad chun feidhme le fáil ar an suíomh gréasáin BUDGpedia, chomh maith le tagairtí don Rialachán Airgeadais: https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/implementation-methods.aspx.

*2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)*

Níl aon athrú ar chreat rialaithe an bheartais comhtháthaithe agus tá sé infheidhme go hiomlán. Ceapadh é sin chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus coigeartaíodh é le linn clárthréimhsí iomadúla chun moltaí CIE agus OLAF a chur san áireamh.

**2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc**

Ní mór do na Ballstáit creat rialaithe an bheartais comhtháthaithe atá ann cheana a chomhlíonadh, agus ní mór dóibh córas bainistíochta agus rialaithe a bheith i bhfeidhm acu lenar féidir neamhrialtachtaí, lena n-áirítear calaois, a chosc, a bhrath, a cheartú agus a thuairisciú.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN.[10] | ó thíortha de chuid CSTE[11] | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha[12] | Ó thríú tíortha eile | ioncam sannta eile |
| H2a | 05 02 01 CFRE – Caiteachas oibríochtúil | LD | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| H2a | 05 03 01 CC – Caiteachas oibríochtúil | LD | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |

10 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

11 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

12 Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar a d’fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

## 3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos

*3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | Uimhir | H2a |
|---|---|---|

| AS: REGIO. | | | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | **IOMLÁN CAI 2021- 2027** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | |
| 05.0201 CFRE Caiteachas oibríochtúil | Gealltanais | (1a) | | | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| | Íocaíochtaí | (2a) | | | [3 060,000] | [-3 060,000] | **0,000** |
| 05.0301 CC Caiteachas oibríochtúil | Gealltanais | (1b) | | | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| | Íocaíochtaí | (2b) | | | [540,000] | [-540,000] | **0,000** |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach[13] | | | | | | | |
| Líne bhuiséid | | (3) | | | | | **0,000** |
| **IOMLÁN na leithreasuithe le haghaidh AS** REGIO | Gealltanais | =1 a+1b+3 | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| | Íocaíochtaí | =2a+2b+3 | **0,000** | **0,000** | **[3 600,000]** | **[-3 600,000]** | **0,000** |

| | | | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | **IOMLÁN CAI 2021- 2027** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| | Íocaíochtaí | (5) | 0,000 | 0,000 | [3 600,000] | [-3 600,000] | **0,000** |

[13] Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach | | (6) | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 2a** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | =4+6 | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| | Íocaíochtaí | =5+6 | **0,000** | **0,000** | **[3 600,000]** | **[-3 600,000]** | **0,000** |

| | | | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | IOMLÁN CAI 2021- 2027 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gach ceannteideal oibríochta) | Gealltanais | (4) | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| | Íocaíochtaí | (5) | 0,000 | 0,000 | [3 600,000] | [-3 600,000] | **0,000** |
| • IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach (gach ceannteideal oibríochta) | | (6) | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi Cheannteidil 1 go 6** den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha) | Gealltanais | =4+6 | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| | Íocaíochtaí | =5+6 | **0,000** | **0,000** | **[3 600,000]** | **[-3 600,000]** | **0,000** |

Bunaithe ar ghlacadh measta an togra, is é EUR **[16,1 billiún]** an réamh-mhaoiniú breise iomlán atá le híoc in 2026. San am céanna, agus réamhaisnéisí íocaíochta agus athruithe cur chun feidhme á gcur san áireamh, meastar gurb é EUR [3,6] billiún an glantionchar buiséadach, a áireofar i ndréachtbhuiséad 2026. Tá an tionchar buiséadach neodrach ó thaobh an bhuiséid de thar thréimhse CAI.

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | **7** | 'Caiteachas riaracháin'[14] | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| AS: <…….> | | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN CAI** |

[14] Na figiúirí maidir le meánchostas bliantúil atá le fáil ar an leathanach gréasáin iomchuí de chuid BUDGpedia, is trí úsáid a bhaint as na figiúirí sin ba cheart na leithreasuithe is gá a chinneadh.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | **2021- 2027** |
| • Acmhainní daonna | | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| • Caiteachas riaracháin eile | | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| **IOMLÁN don Ard- Stiúrthóireacht** <…….> | Leithreasuithe | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |

| AS: <…….> | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN CAI 2021- 2027** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| • Acmhainní daonna | | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| • Caiteachas riaracháin eile | | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| **IOMLÁN don Ard- Stiúrthóireacht** <…….> | Leithreasuithe | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | (Iomlán na ngealltanas = Iomlán na n-íocaíochtaí) | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN CAI 2021- 2027** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7** | Gealltanais | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| den chreat airgeadais ilbhliantúil | Íocaíochtaí | **0,000** | **0,000** | **[3 600,000]** | **[-3 600,000]** | **0,000** |

*3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (ná líonadh gníomhaireachtaí díláraithe é seo isteach)*

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** | | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Iontráil na blianta ar fad is gá chun a léiriú cé chomh fada agus a mhairfidh an tionchar (féach Roinn 1.6) | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | |

| ⇩ | Cineál[15] | Meán chostas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[16]… | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2... | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **IOMLÁIN** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

15 Aschuir, is iadsan táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g. líon na malartuithe mac léinn a mhaoinítear, iomlán km de bhóithre a thógtar, etc.).

16 Mar a thuairiscítear i Roinn 1.3.2. 'Cuspóirí sonracha'

*3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos

*3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

| **LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN 2021 - 2027** |
|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 7** | | | | | |
| Acmhainní daonna | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| Caiteachas riaracháin eile | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** | | | | | |
| Acmhainní daonna | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| | | | | | |
| **IOMLÁN** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |

Cumhdófar na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon, más gá, le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

*3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach*

– ☑ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna

– ☐*Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna, mar a mhínítear thíos*

*3.2.4.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha (FTEnna)*[17]

| **LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** |
|---|---|---|---|---|
| **• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | |
| 20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 20 01 02 03 (Toscaireachtaí an Aontais) | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 01 (Taighde indíreach) | 0 | 0 | 0 | 0 |

[17] Sonraigh thíos cá mhéad de FTEnna arna gcur in iúl a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar féidir iad a ath-imlonnú laistigh de d'Ard-Stiúrthóireacht, maille leis na glanriachtanais atá agat.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 01 01 01 11 (Taighde díreach) | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **• Foireann sheachtrach (i FTEnna)** | | | | |
| 20 02 01 (AC, END, ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 20 02 03 (AC, AL, END, agus JPD i dToscaireachtaí an Aontais) | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Riarachán Líne thacaíochta [XX.01.YY.YY] - sa Cheanncheathrú | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Riarachán Líne thacaíochta [XX.01.YY.YY] - i dToscaireachtaí AE | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 02 (AC, END - Taighde indíreach) | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 12 (AC, END - Taighde díreach) | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) - Ceannteideal 7 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) - Lasmuigh de Cheannteideal 7 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **IOMLÁN** | **0** | **0** | **0** | **0** |

### *3.2.4.2. Nithe arna maoiniú ó ioncaim shannta sheachtracha*

| **IONCAM SANNTA SEACHTRACH** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** |
|---|---|---|---|---|
| **• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | |
| 20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 20 01 02 03 (Toscaireachtaí an Aontais) | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 01 (Taighde indíreach) | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 11 (Taighde díreach) | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **• Foireann sheachtrach (in aonaid de choibhéis lánaimseartha)** | | | | |
| 20 02 01 (AC, END, ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 20 02 03 (AC, AL, END, agus JPD i dToscaireachtaí an Aontais) | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Riarachán Líne thacaíochta [XX.01.YY.YY] - sa Cheanncheathrú | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Riarachán Líne thacaíochta [XX.01.YY.YY] - i dToscaireachtaí AE | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 02 (AC, END - Taighde indíreach) | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 12 (AC, END - Taighde díreach) | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) - Ceannteideal 7 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) - Lasmuigh de Cheannteideal 7 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **IOMLÁN** | **0** | **0** | **0** | **0** |

### *3.2.4.3. Iomlán na n-acmhainní daonna a bheidh riachtanach*

| **IOMLÁN NA LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR + IONCAIM SHANNTA SHEACHTRACHA** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** |
|---|---|---|---|---|
| **• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | |
| 20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 20 01 02 03 (Toscaireachtaí an Aontais) | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 01 (Taighde indíreach) | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 11 (Taighde díreach) | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **• Foireann sheachtrach (in aonaid de choibhéis lánaimseartha)** | | | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 20 02 01 (AC, END, ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 20 02 03 (AC, AL, END, agus JPD i dToscaireachtaí an Aontais) | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Riarachán Líne thacaíochta [XX.01.YY.YY] | - sa Cheanncheathrú | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | - i dToscaireachtaí AE | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 02 (AC, END - Taighde indíreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 12 (AC, END - Taighde díreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) - Ceannteideal 7 | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) - Lasmuigh de Cheannteideal 7 | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **IOMLÁN** | | **0** | **0** | **0** | **0** |

An fhoireann is gá chun an togra a chur chun feidhme (in aonaid de choibhéis lánaimseartha):

| | **Le cumhdach ag baill foirne reatha atá ar fáil i seirbhísí an Choimisiúin** | **Foireann bhreise eisceachtúil*** | | |
|---|---|---|---|---|
| | | **Le maoiniú faoi Cheannteideal 7 nó Taighde** | **Le maoiniú ó líne BA** | **Le maoiniú ó tháillí** |
| Poist sa phlean bunaíochta | | | Neamhbhainteach | |
| Foireann sheachtrach (CA, SNEnna, INT) | | | | |

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh ag:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | |
| Pearsanra seachtrach | |

3.2.5. *Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha*

Éigeantach: na hinfheistíochtaí atá i gceist leis an togra/tionscnamh seo arb infheistíochtaí iad a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha, ba cheart meastachán chomh maith agus is féidir ina dtaobh a chur sa tábla thíos.

Go heisceachtúil, ba cheart na leithreasuithe faoi Cheannteideal 7 a chur sa líne atá ainmnithe chuige sin, i gcásanna inar gá sin chun an togra/tionscnamh a chur chun feidhme.

Is mar 'Chaiteachas beartais ar TF i dtaca le cláir oibríochtúla' ba cheart na leithreasuithe faoi Cheannteidil 1-6 a chur in iúl. Tagraíonn an caiteachas sin don bhuiséad oibríochtúil atá le húsáid i gcomhair athúsáid/ceannach/forbairt ardán/uirlisí TF atá nasctha go díreach le cur chun feidhme an tionscnaimh, agus i gcomhair na n-infheistíochtaí a bhaineann leis na hardáin/uirlisí sin (e.g. ceadúnais, staidéir, stóráil sonraí etc). An fhaisnéis a sholáthraítear sa tábla seo, ba cheart í a bheith

comhsheasmhach leis na mionsonraí a chuirtear i láthair faoi Roinn 4 'Gnéithe digiteacha'.

| IOMLÁN Na leithreasuithe digiteacha agus TF | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | IOMLÁN CAI 2021 - 2027 |
|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 7** | | | | | |
| Caiteachas TF (corparáideach) | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** | | | | | |
| Caiteachas beartais TF ar chláir oibríochtúla | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| | | | | | |
| **IOMLÁN** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |

3.2.6. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☑is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI)

3.2.7. *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☐ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

– ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | |
| IOMLÁN na leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | |

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☐ Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra/tionscnamh ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

  – ☐ maidir le hacmhainní dílse

  – ☐ ar ioncam eile

  – ☐ má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[18] | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** |
| Airteagal ….... | | | | | |

I gcás ioncam atá sannta, sonraigh na línte buiséid caiteachais a ndéantar difear dóibh.

| |
|---|
| |

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

| |
|---|
| |

## 4. GNÉITHE DIGITEACHA

### 4.1. Ceanglais maidir le hábharthacht dhigiteach

Tá na ceanglais dhigiteacha teoranta d'oiriúnú agus do leathnú na réiteach a cuireadh chun feidhme cheana le haghaidh cláir bainistíochta comhroinnte, is é sin SFC2021. Freagróidh na hoiriúnuithe do shainiú agus do chuimsiú tosaíochtaí sonracha i gcláir leasaithe.

### 4.2. Sonraí

Is éard atá sna sonraí is gá leathnú agus oiriúnú ar an tsamhail sonraí a cuireadh chun feidhme cheana féin le haghaidh na gclár bainistíochta comhroinnte. Leantar an prionsabal 'aonuaire' agus áirithítear leis sin athúsáid iomlán na sonraí atá ann cheana, ar leathnú é ar réiteach atá ann cheana.

### 4.3. Réitigh Dhigiteacha

Mionoiriúnú ar ardán SFC2021 is ea an réiteach digiteach, arb é an uirlis é a úsáidtear le haghaidh gach cláir bainistíochta comhroinnte.

### *4.4. Measúnú idir-inoibritheacha*

Tá SFC2021 i bhfeidhm cheana féin agus tá sé in úsáid ag na páirtithe uile. Tá an uirlis idir-inoibritheach le córais eile agus úsáideann sí teicnící caighdeánacha le haghaidh malartú faisnéise

### 4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach

Déanfar na hathruithe is gá in SFC2021 a phleanáil agus a chur chun feidhme sa chaoi go mbeidh na ceanglais nua réidh tráth a ghlacfar agus a thiocfaidh an rialachán críochnaitheach i bhfeidhm

[18] A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.